An Bord Um Chúnamh Dlíthiúil
Legal Aid Board

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025



Ábhar

Brollach an Chathaoirligh 2

Brollach an POF 6

Maidir Linn 9

Misean, Fís agus Luachanna 11

Struchtúr an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil 13

Seirbhísí Curtha ar Fáil in 2025 15

- Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta 15
- Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh 20
- Seachadadh Seirbhíse Tacaíochta 22
- Cinnteoireacht agus Seirbhísí Seachtracha (Sibhialta) 22

Oibleagáidí Tuairiscithe 35

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird 2025 40

Aguisín A: Dlús a Chur le Ráiteas Straitéise 2024-2026 in 2025 52

Aguisín B: Táblaí agus Cairteacha 59

Brollach an Chathaoirligh



Nuala Egan
Cathaoirleach

Táthar ag súil go nglacfar le foilsiú, i mí Iúil 2025, an chéad athbhreithnithe riamh ar an scéim um chúnamh dlíthiúil sibhialta, faoi threoir an Aire Jim O'Callaghan, mar chor cinniúnach i scéal an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Ba é an Grúpa Athbhreithnithe um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta a rinne an t-athbhreithniú sin a bhí mar bhonn le tuarascáil mhór agus bheag. Tá dúbailt shuntasach idir an dá thuarascáil chomh fada is a bhaineann le haitheantas a thabhairt do na fadhbanna atá le sárú ag an eagraíocht, ach tá difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara chomh fada is a bhaineann leis an mbealach is fearr is féidir an ceart chun rochtain a fháil ar cheartas i gceisteanna dlí shibhialta sa Stát a shuíomh. Tugtar aitheantas sa dá thuarascáil do na deacrachtaí éagsúla a bhí le sárú ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil a chuir isteach ar an tseirbhís phoiblí riachtanach seo ó bunaíodh é ar bhonn riaracháin in 1979 agus a lean ar aghaidh i ndiaidh é a bhunú ar bhonn reachtúil i ndiaidh achtú an *Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta* in 1995.

Tá áthas ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil go bhfuil a thaithí saoil á léiriú sa dá thuarascáil agus tá sé ag iarraidh a chinntiú go gcumasóidh na moltaí maidir lena riachtanas acmhainní seirbhís thráthúil a chur ar fáil dá gcliant, trí fhoireann a bheidh ag fáil na tacaíochta atá ag teastáil uaithi, go mbeidh cabhair le fáil aici ó chleachtóirí príobháideacha, agus nach mbeidh an méid atá scríofa sa dá thuarascáil á ligean i ndearmad. Ar an drochuair, is fíor gur gné leanúnach d'obair na heagraíochta le 46 bliain anuas an ganntanas acmhainní cuí - agus na moilleanna a bhí ann chomh fada is a bhain le freastal ar riachtanais chúnaimh dhlíthiúil cliant. Dá réir sin, in 1984 mar shampla, scríobh an tOllamh Gerry Whyte faoi chinneadh an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil ionaid dlí a dhúnadh go sealadach chun déileáil leis an riaráiste - agus cúig bliana ina dhiaidh sin, i gcomhair seacht mhí idir 1989 agus 1990, is ag obair ar iarratais éigeandála amháin a bhí an fhoireann. Chomh maith leis sin, d'éirigh bord na heagraíochta ag an am, faoi chathaoirleacht Nial Fennelly, a ceapadh mar Abhcóide Ginearálta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Uachtaraí ina dhiaidh sin, as a chúraimí in 1989 freisin mar agóid a bhí bunaithe ar thearcmhaoiniú leanúnach. Go deimhin, déantar roinnt tagairtí i ndíospóireachtaí Dála agus Seanaid do *Bhille um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995*, agus don tearcmhaoiniú a samhlaíodh leis an eagraíocht le tréimhse 16 bliana ó bunaíodh é agus don tionchar a bheadh ag a leithéid de mhaoiniú neamhleor ar sholáthar tráthúil seirbhísí. Thagair an tAire Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag an am, Mervyn Taylor, don scéim um chúnamh dlíthiúil "mar cheann de sheirbhísí suntasacha an Stáit a bhí ar an ngannchuid"[1], agus thuig sé go raibh deacrachtaí stairiúla ann. Thug sé fios ó ghlac sé lena ról aireachta dhá bhliain roimhe sin, go raibh painéal aturnaetha bunaithe aige a bhí i mbun cleachtais phríobháidigh agus go raibh an maoiniú a cuireadh ar fáil don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil dúbailte, rud a chiallaigh gurbh fhéidir an fhoireann a dhúbailt agus liostaí

[1] Díospóireacht - dara céim, Dáil Éireann, 27ú Dáil, Iml. 455 Uimh. 3, 29 Meitheamh 1995

feithimh a laghdú go suntasach. D'eascair an bhéim pholaitiúil a bhí ar riachtanais an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil ag an am sin agus sa dá bhliain roimhe sin as an reifreann colscartha a bhí ar na bacáin, agus thug an tAire Taylor le fios gurb ionann é agus ceann amháin de roinnt beart reachtach ábhartha a rabhthas ag glacadh leo chun ullmhú do shochaí ina mbeadh deis cholscartha ag daoine, agus dúradh go raibh baint ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil le "seirbhísí dlí teaghlaigh a sholáthar" agus, dá réir sin, go mbeadh an t-ualach oibre ag méadú go suntasach, nuair agus dá n-éireodh leis an reifreann.

Tháinig méadú ar an ualach oibre mar a bhíothas ag súil leis nuair a ceadaíodh colscaradh in 1996, ach, ar an drochuair, níor mhair an tréimhse bhisiúil i bhfad, mar a léirítear sa tagairt do chás *O'Donoghue v An Bord um Chúnamh Dlíthiúil*[2]. Ainneoin gur leis an mbliain 2004 a bhaineann an cás, tharla na fíorais fholuiteacha idir 1997 – 1999. D'fhan Marie O'Donoghue, a raibh cúnamh dlíthiúil ag teastáil uaithi i ndáil le colscaradh - agus ní raibh locht ar bith ar fhoireann an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil - 25 mí chun a céad choinne a bheith aici le haturnae in ionad dlí. Léiríodh i ndoiciméid a osclaíodh sa chúirt go raibh tréaniarrachtaí déanta ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil idir 1995 agus 1997 chun maoiniú a fháil ón Roinn Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun cur ar a chumas déileáil leis an éileamh méadaithe ar a sheirbhísí; ach ní bhfuarthas aon fhreagra go dtí gur bagraíodh roinnt ionad dlí a dhúnadh. Cuireadh maoiniú breise ar fáil ag an bpointe sin a chabhraigh chun aturnae a cheapadh san ionad dlí ina raibh iarratas ar chúnamh dlí déanta ag Bean Uasal O'Donoghue agus reáchtáladh an chéad chruinniú leis an aturnae sin, mar a taifeadadh, thart ar 25 mí i ndiaidh di iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlí den chéad uair. Thionscain Bean Uasal O'Donoghue imeachtaí Ard-Chúirte agus bhí damáistí á lorg aici mar aon le dearbhú maidir lena ceart chun rochtain a fháil ar cheartas de bhua na Bunreachta agus go raibh an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine sáraithe mar gheall ar an moill seo. D'aontaigh an Chúirt lena hargóint, agus cinneadh go raibh an ganntanas acmhainní "freagrach go díreach as an moill 25 mí", agus sonraíodh an méid seo a leanas;

> *"Is é cuspóir Acht 1995 go bhfaighidh daoine a bhfuil na critéir reachtúla á gcomhlíonadh acu cúnamh dlíthiúil. Tá impleacht aige seo a chiallaíonn go mbeidh an teidlíocht do chúnamh dlíthiúil éifeachtach agus go mbeidh ciall léi. Conas is féidir é sin a chinntiú má tá moill 25 mí ann? Ar an gcuma chéanna, conas is féidir glacadh leis go bhfuil an scéim cóir mura féidir le duine coinne a eagrú le haturnae i gcomhair tréimhse chomh fada leis sin?"*

I ndiaidh an bhreithiúnais sin, tháinig feabhas éigin ar chúrsaí maoinithe arís ach, i ndiaidh súil a chaitheamh ar thuarascálacha bliantúla eile, tugadh an patrún tearcmhaoinithe faoi deara arís, agus is féidir a rá gur gné leanúnach í tearcmhaoiniú na heagraíochta, ainneoin go bhfuil suntas agus leibhéal faillí riachtanas dáiríre na gcliant agus na heagraíochta féin athraithe, agus go minic ní dhéantar rud éigin go dtí go mbíonn práinn ag baint leis agus ansin soláthraítear freagairt éigeandála nach maireann i bhfad. Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar mhoilleanna sna eagraíocht, tráth a bhfuil sí ag déileáil le raon saincheisteanna oibriúcháin, agus ag cur leis an raon oibre atá sannta di – tá an scéim Abhaile de bhua a bhfuil cúnamh dlí á chur ar fáil dóibh siúd atá dócmhainneach go pearsanta agus páirtithe i ndlíthíocht ar dócha a bheidh mar bhonn le hathshealbhú áras an teaghlaigh, ionadaíocht ar dhaoine iomchuí i ndáil le hiarratais de bhua *Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015*, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta (ag cur san áireamh go mbeidh bearta náisiúnta á gcur chun feidhme i mí an Mheithimh 2026 chun éifeacht a thabhairt do Chomhaontú Imirce an AE, a chuirfidh leis an ualach oibre sin), iarratas ar orduithe sriantacha sibhialta agus comhairle a chur ar fáil d'íospartaigh cionta gnéasacha i ndáil le, i measc nithe eile, taifid chomhairleoireachta a nochtadh, chun na nithe is suntasaí a ainmniú – rud a chiallaíonn nach bhfuil catagóiriú an Aire Mervyn Taylor ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil in 1995 mar Bhord a bhfuil baint aige le soláthar seirbhísí dlí teaghlaigh bailí níos. Ainneoin go raibh an t-ualach oibre ag méadú ní raibh acmhainní breise á gcur ar fáil ach lean foireann an Bhoird

[2] [2004] IEHC 413

um Chúnamh Dlíthiúil ar aghaidh le gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun déileáil le riachtanais a gcliant. Agus dá ainneoin seo, mar atá mínithe i dtuarascáil bheag an Ghrúpa Athbhreithnithe, tá scálaí pá difriúla - nach bhfuil chomh mealltach céanna - ag aturnaetha atá ag obair don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil i gcomparáid leis an scála atá in úsáid in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit nó in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, pointe tábhachtach chomh fada is a bhaineann le rátaí earcaíochta agus coinneála na heagraíochta ar ábhar imní iad. Ar an gcuma chéanna, níl aon athrú tagtha ar struchtúr táillí aturnaetha atá ainmnithe ar phainéal cleachtóirí príobháideacha agus abhcóidí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil ó 2012 (roimh an dáta sin, laghdaíodh rátaí táillí 8% faoi dhó sa tréimhse idir 2008, an tráth ar socraíodh iad, agus 2011). Os a choinne sin, ciallaíonn an ráta íseal mí-réasúnach atá iníoctha le saineolaithe a ullmhaíonn tuarascálacha do chliaint an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil nach bhfuil ach líon beag gairmithe ábhartha toilteanach tabhairt faoi obair den chineál seo. Ag cur leis an méid thuasluaite tá an pointe go bhfuil an córas TF as dáta agus mí-oiriúnach dá fheidhm agus go bhfuil an córas cásbhainistithe casta mar bhonn le tuilleadh moilleanna agus brú ar an bhfoireann freisin.

Ainneoin na ndeacrachtaí seo ar fad, tá tréaniarracht á déanamh ag foireann an ionaid dlí, oibríonn siad uaireanta níos faide ná mar is gá, tá seanuirlisí in úsáid acu, ach tá iarracht iontach á déanamh acu tacú ar an mbealach is fearr agus is féidir lena gcliaint. Ar go leor bealaí, thitfeadh an eagraíocht ó chéile mura mbeadh an fhoireann chomh díograiseach is atá, agus tá tiomantas ar leith á léiriú acu do na cliaint a bhfuil an tseirbhís phoiblí fhíorthábhachtach seo á cur ar fáil acu dóibh. Tá súil agam go dtuigeann siad go bhfuil saol daoine níos fearr mar thoradh ar an obair atá á déanamh in ionaid dlí – agus ag painéil phríobháideacha an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil – le 46 bliain anuas. Pribhléid ba ea é an tiomantas seo do chliaint agus do sheirbhís phoiblí a fheiceáil le mo shúile féin.

Ach ní féidir leis an tiomantas foirne sin na bearnaí ar fad atá ann mar gheall ar thearcmhaoiniú Stáit le blianta fada anuas a líonadh. Cuireann na fachtóirí thuasluaite ar fad bac suntasach ar chumas an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil freastal ar riachtanais cliant go tráthúil.

Mar a léirítear sa tuarascáil bhliantúil seo, bíonn daoine ag fanacht 22 seachtain ar an meán chun céad choinne le haturnae a fháil, agus bhí moill de bhreis ar bhliain amháin le tabhairt faoi deara - 62 seachtain – sa cheantar is measa buailte. I mbliana ba í Sligeach an ceantar ba mheasa buailte - ach athraíonn an t-ionad dlí leis an liosta feithimh is faide ó bhliain go bliain, ag brath, a bheag nó a mhór, ar dheacrachtaí foirne agus ar infhaighteacht aturnaetha ar phainéal na gcleachtóirí príobháideacha a bhfuil an Bord um Chúnamh Dlíthiúil freagrach as, cleachtóirí atá toilteanach tabhairt faoin obair ag na rátaí iníoctha. Is "fásach dlíthiúil" é Sligeach le blianta fada anuas, rud a chiallaíonn go bhfuil an t-ionad dlí fágtha gan cleachtóirí príobháideacha nua chun déileáil leis an mbrú atá ar fhoireann an ionaid díriú ar a hualach oibre suntasach.

Tá tábhacht ag baint le machnamh a dhéanamh ar chliaint atá ag fanacht tréimhse fhada chun freastal ar a c(h)éad chruinniú leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil nó le haturnae ón bpainéal príobháideach chun díriú ar an deacracht dlí atá ag an gcliant. Tá seans maith ann go mbeidh tionchar ag an deacracht seo ar shaol pearsanta an chliaint agus b'fhéidir ar shaol leanaí an chliaint, is cuma más ceist dlí teaghlaigh atá i gceist nó nach ea. Ag cur leis sin tá an deacracht a bhaineann le bheith ag feitheamh ar ghairmí a fháil a bheidh toilteanach glacadh leis an táille atá iníoctha chun tuarascálacha saineolacha a chur i dtoll a chéile - a bhaineann seans le nithe a bhfuil tionchar acu ar leanaí an chliaint sin, agus i ndáiríre is beag suntais atá le focail cosúil le rochtain éifeachtach ar cheartas sa chomhthéacs seo agus, sa chás go bhfuil na hacmhainní ag an bpáirtí eile chun íoc as ionchur saineolach agus ionadaíocht phríobháideach den chineál sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair glacadh leis an tuiscint atá againn ar rochtain chothrom. Tá seans ann go mbeidh suntas le tuiscint Phríomh-Bhreitheamh Wagner i gCeanada gurb ionann rochtain ar cheartas a dhiúltú agus dínit a dhiúltú, agus an dealramh "go bhfuil ceartas tuillte ag daoine áirithe agus nach bhfuil sé tuillte ag daoine eile"[3]. Agus ina measc seo ar fad, ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar an tionchar atá aige seo ar fad ar leanaí cliant - an tslí a bhfuil moilleanna ar chásanna agus éagothroime i dtéarmaí rochtana contrártha dá leasanna is fearr. Agus, ar ndóigh, glactar leis go mbeidh duine a bhfuil

[3] Rochtain ar Cheartas; Riachtanas Sochaíoch – Óráid ag 7ú Comhdháil Náisiúnta Pro-Bono, Vancouver, 4 Deireadh Fómhair 2018.

cúnamh dlíthiúil ag teastáil uaidh nó uaithi in ann na tairseacha incháilitheachta airgeadais ar fad a chomhlíonadh go sásúil. Níl na tairseacha seo tugtha cothrom le dáta ó 2006; rud a chiallaíonn go bunúsach go bhfuil an céatadán den daonra atá incháilithe chun cúnamh dlí a fháil laghdaithe go mór, i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar ioncam indiúscartha idir an dá linn. Ainneoin go dtagraítear i dteideal fada Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, do réimeas reachtach cúnaimh dhlíthiúil a chruthú le haghaidh "daoine le hacmhainní teoranta", sa lá inniu ann ní féidir le líon suntasach daoine a n-oireann an sainmhíniú sin dóibh – iad siúd a bhfuil ioncam (le liúntais áirithe) sa bhreis ar €18,000 sa bhliain á fháil acu - aon tairbhe a bhaint as an réimeas a cruthaíodh. Níl aon rud neamhghnách ag baint leis an tuiscint go bhféadfadh daoine a bhfuil pá íosta á fháil acu nó íocaíochtaí leasa shóisialaigh, níos mó a thuilleamh ná na tairseacha ceadaithe agus, dá réir sin, nach féidir leo tairbhe a bhaint as an scéim um chúnamh dlíthiúil sibhialta. Agus fós féin, ní bheidh an acmhainn ag daoine mar sin íoc as ionadaíocht phríobháideach; arís eile, i gcás daoine den chineál sin, tá seans ann nach mbeidh aon chiall ag baint le rochtain ar cheartas i ndáiríre.

Tá go leor deacrachtaí le réiteach ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil in 2025. Dhírigh foilsiú dhá thuarascáil de chuid an Ghrúpa Athbhreithnithe um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta ar na deacrachtaí seo agus cuireadh deis dháiríre ar fáil chun díriú orthu ar bhealach cuimsitheach. Tá fáilte curtha roimh an ngealltanas a thug an tAire O'Callaghan maidir le tograí athchóirithe a chur faoi bhráid an Rialtais chun déileáil leis na deacrachtaí seo. Táthar ag súil go mbeidh an chéad chaibidil eile i saol an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil dírithe ar a chliaint – agus ar an bhfoireann a dhéanann sárobair ar son na gcliant – agus go mbainfidh siad tairbhe as gealltanas dáiríre agus leanúnach an Stáit aird a dhíriú ar a gcearta chun rochtain a fháil ar cheartas.

Nuala Egan
Cathaoirleach



Brollach an POF



Joan Crawford
POF

Bliain shuntasach chomh fada is a bhain le gníomhaíocht agus athrú ba ea 2025 don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil, chomh fada is a bhain le scála na seirbhísí a chuireamar ar fáil agus an comhthéacs níos ginearálta ina bhfuilimid ag feidhmiú. Bhí éileamh ard ar chúnamh dlíthiúil agus ar sheirbhísí idirghabhála fós, fianaise ar an mbrú leanúnach sóisialta, dlíthiúil agus eacnamaíoch atá ar go leor daoine agus teaghlach. I bhfianaise an phointe sin, i rith na bliana bhíomar dírithe ar rochtain ar cheartas a chinntiú dóibh siúd a bhfuil a leithéid ag teastáil uathu a chur ar fáil ar bhealach atá gairmiúil, neamhspleách agus in ann athrú chun freastal ar imthosca athraitheacha.

I rith 2025, lean An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar aghaidh ag feidhmiú i dtimpeallacht ina raibh castachtaí agus athruithe le tabhairt faoi deara. Thosaigh leibhéil éilimh gan choinne ar chosaint idirnáisiúnta le blianta beaga anuas ag cothromú, ainneoin go raibh na leibhéil éilimh is airde riamh fós le tabhairt faoi deara. Ag an am céanna, lean tábhacht agus líon na n-iarratas ar sheirbhísí dlí teaghlaigh, cinnteoireacht chuidithe faoi Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, leanaí atá faoi chúram an Stáit agus seirbhísí d'íospartaigh na coireachta ag dul i méid. D'éiligh na forbairtí seo solúbthacht leanúnach chomh fada is a bhain leis an tslí a mbainimid úsáid as acmhainní agus a n-eagraímid seirbhísí, agus ag an am céanna, aird a thabhairt ar ár n-oibleagáidí reachtúla agus caighdeáin seirbhíse.

Gné lárnach a tugadh faoi deara i rith na bliana ná cur chun feidhme leanúnach chreat na cinnteoireachta cuidithe, arb ionann í agus athchóiriú bunúsach ar an tslí a dtacaíonn an dlí le daoine aonair chun a gcearta agus uathriail a fheidhmiú.

Bhí tacú leis an aistriú ó choimircíocht agus rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil sa chomhthéacs seo mar bhonn le héileamh oibriúcháin agus gairmiúil suntasach ar an bhfoireann. Mhéadaigh líon na n-iarratas go suntasach i rith na bliana, agus lean An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar le comhghleacaithe ar fud an chórais dlí chun freagairt ar bhealach éifeachtach agus íogair don athchóiriú tábhachtach seo.

Chomh fada is a bhain le dlí teaghlaigh agus seirbhísí idirghabhála, tugadh an méid céanna éilimh faoi deara ar fud na n-ionad dlí agus na n-oifigí idirghabhála ar fud na tíre. Bhí ról tábhachtach ag idirghabháil i dtacú le teaghlaigh chun díospóidí a réiteach ar bhealach neamhsháraíochta, nuair a bhí strus agus leochaileacht phearsanta shuntasach i gceist go minic. Leabaíodh tionscnaimh idirghabhála chúirte tuilleadh, agus bhí tábhacht fós ag baint le comhoibriú le comhpháirtithe ceartais chun tacú le luathréiteach agus le coinbhleacht a laghdú nuair ab fhéidir.

Bhí ról ceannaireachta lárnach ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil i Sprioc Straitéiseach 4 den Straitéis Ceartais Teaghlaigh a sheachadadh. Rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le tacú le réiteach díospóidí malartach ar fud an chórais. Mar cheanneagraíocht, bhunaíomar seirbhísí nuálacha cosúil leis an bhfeidhm athghlao idirghabhála, níos mó cúrsaí oiliúna do chleachtóirí agus Painéal Cleachtóirí Príobháideacha Idirghabhálaithe Teaghlaigh éifeachtach. Threisigh na tionscnaimh seo comhoibriú, d'fheabhsaigh siad cáilíocht seirbhíse agus chabhraigh siad le córas ceartais teaghlaigh a bhí níos inrochtana agus nach raibh chomh sáraíoch céanna.

Chuir An Bord um Chúnamh Dlíthiúil lena láithreacht dhigiteach ar na meáin shóisialta, agus

rinne sé forbairt mhór ar a shuíomh gréasáin chun a chinntiú go bhfuil faisnéis níos soiléire ar fáil don phobal agus go bhfuil sé níos éasca teacht ar thacaíochtaí. Tharraing foilseacháin thábhachtacha mar aon le roinnt cuairteanna Aireachta ar ár suíomhanna agus níos mó iarratas ar an bpainéal cleachtóirí príobháideacha agus cúrsaí oiliúna, aird ar an luach a bhaineann le cúnamh dlíthiúil agus seirbhísí idirghabhála. In éineacht lena chéile, chuir na hiarrachtaí seo feabhas ar infheictheacht, spreag siad rannpháirtíocht níos luaithe agus thacaigh siad le níos mó úsáide a bheith á baint as cosáin nach bhfuil chomh sáraíoch céanna laistigh den chóras ceartais teaghlaigh.

I rith na bliana freisin, leanadh ar aghaidh ag infheistiú inár mbonneagar fisiciúil agus timpeallachtaí oibre. Fianaise ba ea oscailt an Ionaid Dlí agus Idirghabhála Teaghlaigh nua i gCaisleán an Bharraigh, mar aon le hathchóiriú agus forbairt Theach Seville agus oifigí Fhoirgneamh a hOcht, ar an ngealltanas atá tugtha againn spásanna inrochtana, nua-aimseartha atá oiriúnach do chliaint a chur ar fáil. Tacaíonn na feabhsuithe seo leis an bhfoireann agus le húsáideoirí seirbhíse agus cuireann siad le seachadadh seirbhíse níos éifeachtaí ag leibhéal áitiúil.

> *Cuireann ár bhfoireann a cuid oibre i gcrích ar bhealach gairmiúil, seasmhach agus díograiseach chun déileáil leis an líon ard cásanna agus leis an obair chasta atá le déanamh*

Go hinmheánach, tugadh forbairt agus athrú eagraíochta leanúnach faoi deara in 2025. Leanadh ar aghaidh lenár gclár de chlaochlú digiteach, agus rinneadh obair ullmhúcháin shuntasach chun córais a nuachóiriú agus chun tacú le bealaí oibre nua. Leanadh ar aghaidh le tús áite a thabhairt d'infheistíocht i bhforbairt foirne, lena n-áirítear cleachtas trámathreoraithe agus tacaíocht cheannaireachta. Cuireann ár bhfoireann a cuid oibre i gcrích ar bhealach gairmiúil, seasmhach agus díograiseach chun déileáil leis an líon ard cásanna agus leis an obair chasta atá le déanamh, agus is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór atá déanta acu ar fud na heagraíochta.

I rith 2025, lean an Bord Reachtúil agus a choistí ar aghaidh le maoirseacht agus treo straitéiseach a sholáthar, ag tacú leis an eagraíocht i rith tréimhse athraithe agus ag an am céanna, béim a leagan ar éifeachtacht, luach ar airgead agus bainistíocht riosca. Nuashonraíodh go leor próiseas riosca inmheánach lena n-áirítear bainistíocht riosca agus iniúchadh inmheánach, agus bhí rannpháirtíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill dár bPainéal Comhairleach Seachtrach, fós cuiditheach agus riachtanach chomh fada is a bhain lenár seirbhísí a sheachadadh.

Ag féachaint chun cinn, tá dúshláin shuntasacha fós le sárú ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Beidh ár gcuid oibre á múnlú ag athrú dlíthiúil agus sóisialta, patrúin éilimh athraitheacha agus athchóiriú leanúnach ar fud an chórais cheartais. Laistigh den chomhthéacs seo, tá ár dtosaíochtaí fós soiléir: rochtain ar cheartas a threisiú agus, seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar bhealach cothrom agus measúil. Chun a chinntiú go bhfuil acmhainní agus tacaíocht ag an eagraíocht agus go bhfuil sí á rialú go héifeachtach chun freastal ar riachtanais amach anseo, tá na moltaí inár n-athbhreithniú eagraíochta á gcur chun feidhme againn, athbhreithniú a rinne ár sainchomhairleoirí, agus tá súil againn go gcuirfidh an próiseas seo ar ár gcumas seirbhís láidir oiriúnach a chur ar fáil sna blianta fada amach romhainn.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, baill an Bhoird Reachtúil, an fhoireann bainistíochta agus na baill foirne as a gcuid obair a dhéanamh go díograiseach arís i rith 2025, agus aitheantas a thabhairt don tslí ar chomhoibrigh ár gcomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara san earnáil ceartais linn. Tá cur síos le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an obair a rinneadh i rith na bliana mar aon le fianaise ar ár dtiomantas leanúnach freastal ar an bpobal de réir ár róil reachtaigh agus luachanna.

Joan Crawford
POF



Is é ról an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a chinntiú gur féidir le daoine aonair, a bhféadfadh bacainní a bheith le sárú acu chun rochtain a fháil ar an gcóras ceartais, tacaíocht dhlíthiúil a fháil atá neamhchlaonta, gairmiúil agus curtha ar fáil de réir an dlí.

Maidir Linn



Is eagraíocht neamhspleách, maoinithe go poiblí, é An Bord um Chúnamh Dlíthiúil, a sholáthraíonn cúnamh agus comhairle dlí shibhialta, seirbhísí idirghabhála teaghlaigh agus a riarann trí scéim ad-hoc um chúnamh dlíthiúil a bhaineann le hábhair choiriúla. Bhunaigh an tOireachtas An Bord um Chúnamh Dlíthiúil faoi Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, chun cúnamh agus comhairle dhlíthiúil shibhialta a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil ar a gcumas aturnae a íoc. Ó 2011, tá seirbhísí idirghabhála teaghlaigh á gcur ar fáil againn freisin.

Tá An Bord um Chúnamh Dlíthiúil á rialú ag Bord Reachtúil atá ceaptha ag an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, atá freagrach as treo straitéiseach a shonrú agus as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht eagraíochta. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as bainistíocht laethúil na heagraíochta, le tacaíocht ó Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (FBF). Tá 559 ball foirne ag obair in 48 oifig ar fud na tíre, agus tá seirbhísí á gcur ar fáil ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil ar fud na tíre trí ghréasán ionad dlí agus oifigí Idirghabhála Teaghlaigh a bhfuil feidhmeanna oibriúcháin agus corparáideacha lárnacha ag tacú leo.

Is é ról an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a chinntiú gur féidir le daoine aonair, a bhféadfadh bacainní a bheith le sárú acu chun rochtain a fháil ar an gcóras ceartais, tacaíocht dhlíthiúil a fháil atá neamhchlaonta, gairmiúil agus curtha ar fáil de réir an dlí. Tríd an obair seo, cabhraíonn An Bord um Chúnamh Dlíthiúil le riar éifeachtach an cheartais agus le cosaint ceart bunúsach.

Ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, cuireann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil a fheidhmeanna reachtúla i gcrích go neamhspleách. Tá ról lárnach ag an neamhspleáchas seo i muinín an phobail as seirbhísí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil agus i sláine an chórais cheartais trí chéile.

Tá éileamh ar chúnamh dlíthiúil agus ar sheirbhísí idirghabhála fós á mhúnlú ag athrú sóisialta, eacnamaíoch agus dlí, lena n-áirítear forbairtí ar dhlí teaghlaigh, dúshláin tithíochta agus chóiríochta, agus creataí cosanta idirnáisiúnta atá ag athrú. Sa chomhthéacs seo, tá An Bord um Chúnamh Dlíthiúil fós dírithe ar sheirbhísí atá inrochtana, freagrúil agus ar ardchaighdeán i gcónaí a chur ar fáil.

Tá cur chuige an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil bunaithe ar ghairmiúlacht, cleachtas eiticiúil agus meas ar imthosca éagsúla na ndaoine a úsáideann ár seirbhísí. Tá sé mar aidhm aige seirbhísí dlíthiúla soiléire, tráthúla agus éifeachtacha a chur ar fáil a chinntíonn go mbíonn acmhainní poiblí in úsáid ar bhealach freagrach agus trédhearcach.

Ag tacú le hobair an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil tá comhoibriú le comhpháirtithe na hearnála ceartais, ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla agus eagraíochtaí pobail. Cabhraíonn caidreamh den chineál seo le seachadadh seirbhíse a threisiú agus chun córas ceartais níos comhtháite agus níos ionchuimsithí a chur chun cinn.

De réir mar a leanann an eagraíocht ar aghaidh ag forbairt, beidh An Bord um Chúnamh Dlíthiúil tiomanta do rochtain ar cheartas a threisiú agus freagairt go héifeachtach do riachtanais dhlíthiúla agus shochaíocha athraitheacha.

An Obair a Dhéanaimid

Is comhlacht neamhspleách é An Bord um Chúnamh Dlíthiúil a bunaíodh faoi Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, chun foráil a dhéanamh do chúnamh agus comhairle dlí a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu atá páirteach i gcásanna sibhialta. Ó shin i leith, tá fás agus forbairt tagtha ar ár dtéarmaí tagartha agus tá freagracht as an méid seo a leanas san áireamh:

Cúnamh agus Comhairle Dhlíthiúil Shibhialta

Soláthraíonn An Bord um Chúnamh Dlíthiúil cúnamh agus comhairle dhlíthiúil shibhialta trí líonra náisiúnta d'ionaid dlí. Clúdaíonn na seirbhísí a chuirtear ar fáil raon leathan ábhair dhlí shibhialta, lena n-áirítear dlí teaghlaigh, cúram leanaí agus díospóidí sibhialta eile. Aturnaetha intí a chuireann formhór na seirbhísí dlíthiúla ar fáil, le tacaíocht ó fhoireann dhlíthiúil agus riaracháin, agus cleachtóirí príobháideacha nuair is cuí.

Tá aonaid thiomnaithe bunaithe a dhíríonn ar chásanna a bhaineann le díobháil phearsanta, faillí leighis, cásanna a bhaineann le leas leanaí, ionadaíocht a dhéanamh ar ghearánaigh i gcásanna éignithe agus ionsaithe gnéis, agus íospartaigh fhéideartha gháinneála ar dhaoine. Tá Seirbhís Tacaíochta Dlíthiúla do Mhincéir/Daoine den Lucht Siúil, bunaithe a dhíríonn go sonrach ar sheirbhísí a chur ar fáil do Dhaoine den Lucht Siúil.

Chomh maith leis sin, cuireann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil comhairle dlí ar fáil do dhaoine iomchuí mar atá sainmhínithe in Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.

Seirbhísí Idirghabhála Teaghlaigh

Tacaíonn An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh le lánúin atá ag scaradh nó scartha óna chéile chun teacht ar chomhaontuithe deonacha, inbhuanaithe i suíomh rúnda agus neamhsháraíochta.

Cabhraíonn idirghabháil chun coinbhleacht a laghdú, cinnteoireacht chomhoibritheach a chur chun cinn agus tacú le comhaontuithe atá ag teacht le leas is fearr leanaí nuair is cuí.

Seirbhísí um Chosaint Dhlíthiúil Idirnáisiúnta

Cuireann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil comhairle agus ionadaíocht dhlíthiúil ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ag gach céim den phróiseas cosanta, iarratais agus achomhairc san áireamh. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil de réir reachtaíochta náisiúnta agus oibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann.

Scéim Abhaile

Éascaíonn An Bord um Chúnamh Dlíthiúil comhairle dlí a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil fiacha orthu agus atá i mbaol a dteach cónaithe a chailleadh, trí Scéim Abhaile.

Scéimeanna um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil Ad-hoc

Tá trí Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil neamhreachtúla á riar ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil (Scéim Leasaithe um Chomhairle Dlí Stáisiún an Gharda Síochána; Cúnamh Dlíthiúil – Scéim na gCeisteanna Coimeádta; agus An Biúró um Shócmhainní Coiriúla – Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Ad-hoc).

Baill Foirne

Páirteach i bhfoireann an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil tá aturnaetha, idirghabhálaithe, agus pearsanra tacaíochta corparáideacha agus oibriúcháin, atá ag obair ar fud na hÉireann. Tá ról lárnach acu i seirbhísí neamhspleácha, ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal.

Tá An Bord um Chúnamh Dlíthiúil tiomanta do thacú le forbairt foirne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn, agus timpeallacht oibre shábháilte agus mheasúil a chur ar fáil.

Ag féachaint chun cinn, leanfaidh An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar aghaidh le seachadadh seirbhíse a threisiú, inrochtaineacht a fheabhsú agus oibríochtaí inbhuanaithe a chinntiú chun tacú le rochtain ar cheartas.

Misean, Fís agus Luachanna

Misean

Is é an Misean atá againn ná cabhrú le díospóidí a réiteach trí idirghabháil teaghlaigh más féidir agus más cuí, agus a chinntiú go bhfuil an córas dlí shibhialta ar fáil do shaoránaigh atá incháilithe. Cuirimid seirbhísí dlíthiúla saineolacha ar fáil do chliaint a bhfuil acmhainní measartha acu agus seirbhísí idirghabhála teaghlaigh do gach duine trí Ionaid Dlí agus Idirghabhála áitiúla, atá lonnaithe sna pobail a bhfuil siad ag freastal orthu.

Fís

Is í an fhís atá againn a chinntiú go gcuirtear seirbhísí freagrúla, gairmiúla, cineálta agus dinimiciúla ar fáil dóibh siúd atá i dteideal tairbhe a bhaint as seirbhísí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.

Luachanna:

- Leanbhlárnach
- Meas
- Ionracas
- Comhoibriú
- Saineolas



Is í an fhís atá againn a chinntiú go gcuirtear seirbhísí freagrúla, gairmiúla, cineálta agus dinimiciúla ar fáil dóibh siúd atá i dteideal tairbhe a bhaint as ar seirbhísí

Struchtúr an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil

Soláthraíonn An Bord um Chúnamh Dlíthiúil seirbhísí um chúnamh dlíthiúil do dhaoine incháilithe agus seirbhísí idirghabhála teaghlaigh do theaghlaigh atá ag colscaradh, ag scaradh nó nach bhfuil ina gcónaí lena chéile. Chomh maith leis sin, tá trí scéim um chúnamh dlíthiúil coiriúil ad-hoc á riar ag an mBord.

559
Baill Foirne



Tá baill foirne ag tacú le seachadadh seirbhíse in:

1. Oifig an POF (2)
2. Oibríochtaí Sibhialta (7)
3. Oibríochtaí Idirghabhála Teaghlaigh (8)
4. Cinnteoireacht agus Seirbhísí Seachtracha (Sibhialta) (30)
5. Seirbhísí Corparáideacha (25)
6. Acmhainní Daonna (12)
7. Faisnéis, Cumarsáid, Teicneolaíocht (26)
8. Foghlaim agus Forbairt (2)
9. Iniúchadh Inmheánach (4)



Is é Oibríochtaí Sibhialta an stiúrthóireacht atá freagrach as an líonra ionad dlí a bhainistiú agus a fhorbairt.

Seirbhísí Curtha ar Fáil in 2025

Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta

Cáilíocht Seirbhíse, Rialachas agus Cleachtas

Is é Oibríochtaí Sibhialta an stiúrthóireacht atá freagrach as an líonra ionad dlí a bhainistiú agus a fhorbairt. Tosaíocht lárnach i rith na bliana ba ea cáilíocht na seirbhísí a cuireadh ar fáil do dhaoine a raibh cúnamh dlíthiúil á fháil acu a chothabháil agus a threisiú trí nósanna imeachta agus treoir a thabhairt cothrom le dáta, athbhreithnithe ar chomhaid aturnaetha a fheabhsú, agus monatóireacht leanúnach ar amanna feithimh. Chabhraigh an mhaoirseacht seo chun brúnna seirbhíse nua a aithint ag luathchéim agus comhoibriú le hionaid dlí chun déileáil leo.

Forbraíodh tacaíochtaí oiliúna agus ionduchtaithe spriocdhírithe chun acmhainn ghairmiúil a fhorbairt ar fud an líonra agus chun tacú le cáilíocht agus le comhsheasmhacht chleachtais leanúnach. Forbraíodh foirm ghearáin nua chun an próiseas a chuíchóiriú agus a fheabhsú do chliaint nó d'iarratasóirí ar mian leo gearán a dhéanamh i ndáil le seirbhísí nó aturnae difriúil a roghnú. D'éirigh go maith leis an tionscadal píolótach agus laghdaíodh an méid ama a thóg seo chun déileáil le gearáin nua. Tá an fhoirm seo in úsáid go buan anois chun déileáil le gearáin a bhaineann le hionaid dlí agus le baill den Phainéal Cleachtóirí Príobháideacha.

Rochtain ar Cheartas, For-rochtain agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Gné thábhachtach de thacú le rochtain ar cheartas in 2025 ba ea rannpháirtíocht sa phobal. Chuir gníomhaíocht for-rochtana fhoirne na nOibríochtaí Sibhialta agus ionad dlí, lena n-áirítear an tSeirbhís Tacaíochta Dlíthiúla do Mhincéir/Daoine den Lucht Siúil agus Seirbhís Cinnteoireachta Cúnta Bhaile Átha Cliath, le feasacht ar sheirbhísí um chúnamh dlíthiúil i measc comhlachtaí poiblí, baill de na breithiúna agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Reáchtáladh sraith cruinnithe fiúntacha leis an tSeirbhís Cúirteanna i rith 2025 a chabhraigh chun dlús a chur le tosaíochtaí roinnte agus leagadh béim ar leith ar dhlús a chur le hobair a bhain le Tairseach na Seirbhíse Cúirteanna agus tacú le hullmhúcháin chun Acht na gCúirteanna Teaghlaigh a chur chun feidhme.

Reáchtáladh comhairliúchán suntasach le príomhpháirtithe leasmhara maidir le hurscaoileadh an phróisis choimircíochta, áit a raibh dúshláin le sárú a bhain le spriocdhátaí reachtúla a chomhlíonadh. D'oibrigh An Bord um Chúnamh Dlíthiúil i ndlúthpháirt le hOifig na gCoimircithe Cúirte chun déileáil leis na saincheisteanna seo, rud a bhí mar bhonn le cúnamh dlíthiúil a bheith á shannadh do gach coimircí cúirtenach raibh ionadaíocht dhlíthiúil aige nó aici sa phróiseas cheana.

Tá Oibríochtaí Sibhialta freagrach as an bhfeachtas faisnéise poiblí *"Do Ghuth, Do Rogha – le Tacaíochtaí Dlíthiúla"* freisin, a chabhraigh le feasacht maidir le seirbhísí Cinnteoireachta Cúnta a mhúscailt agus chun teaghlaigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcomhráite luatha maidir le tacaíochtaí cinnteoireachta.

Painéal Comhairleach Seachtrach agus Rannpháirtíocht Chomhionannais

Lean an Painéal Comhairleach Seachtrach ar aghaidh le fóram tábhachtach do rannpháirtíocht agus aiseolas a chur ar fáil agus bhuail na baill le

chéile trí huaire. D'éascaigh cruinniú den Phainéal i mí na Samhna, a raibh slua deas i láthair aige, rannpháirtíocht dhíreach idir baill an Phainéil agus an Bhoird Reachtúil. Threisigh an rannpháirtíocht seo caidreamh agus chuir sí bonn eolais ar fáil do phleanáil agus seachadadh seirbhíse ar fud na heagraíochta.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Stiúrthóireacht le hionadaithe an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais i ndáil leis an tSeirbhís Tacaíochta Dlíthiúla do Mhincéir/Daoine den Lucht Siúil, a chuir le machnamh níos ginearálta ar an tslí a bhfreastalaíonn seirbhísí ar riachtanais pobal difriúil.

Beartas, Athchóiriú agus Obair Idirghníomhaireachta

I rith 2025, thacaigh rannpháirtíocht struchtúrtha le príomhchomhlachtaí Stáit, lena n-áirítear an tSeirbhís Cúirteanna, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, FSS agus ENRanna ábhartha, le comhordú éifeachtach agus le bonn eolais a chur ar fáil d'fhorbairt beartais. Chabhraigh an rannpháirtíocht seo le freagraí seirbhíse níos láidre i réimsí cosúil le hionadaíocht íospartach, foréigean baile, dlí teaghlaigh, cinnteoireacht chúnta, seirbhísí dlíthiúla do Dhaoine den Lucht Siúil agus cosaint idirnáisiúnta. Lean an Stiúrthóireacht ar aghaidh le páirt a ghlacadh i gcoistí náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Grúpa Feidhmithe na Straitéise um Cheartas Teaghlaigh.

Thacaigh Oibríochtaí Sibhialta le cur chuige níos comhtháite maidir le rochtain ar cheartas trí chomhshuíomh ionad dlí agus seirbhísí idirghabhála teaghlaigh. Tacaíodh le níos mó feasachta ar an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh i measc iarratasóirí ar sheirbhísí dlíthiúla dlí teaghlaigh, tacaíodh le roghanna eolasacha agus más cuí, réiteach díospóidí níos luaithe.

Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht le ranna rialtais maidir le hathchóiriú ceartais shibhialta, tacaíodh le hailíniú idir forbairt beartais agus seachadadh oibriúcháin. Leanadh ar aghaidh le hobair ullmhúcháin freisin roimh chur chun feidhme Chomhaontú Imirce an AE agus tús Acht na gCúirteanna Teaghlaigh.

Ag an am céanna, d'fhreagair an Stiúrthóireacht d'athruithe suntasacha ar ionadaíocht ar ghearánaigh ag eascairt as breithiúnas na Cúirte Uachtaraí maidir le taifid chomhairleoireachta a nochtadh. Rinneadh forbairt shuntasach ar sheirbhísí sa réimse seo i rith 2025, agus d'oibrigh an Stiúrthóireacht i ndlúthpháirt le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun tacú le seirbhísí dlí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do ghearánaigh.

Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta i bhFigiúirí

Tábla 1 - Líon na nlarratasóirí 2020-2025

Bliain	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Ginearálta	13,209	13,827	13,849	14,554	16,361	17,238
Cosaint Idirnáisiúnta	1,174	1,464	6,858	9,918	11,689	8,631
Iomlán	**14,383**	**15,291**	**20,705**	**24,472**	**28,050**	**25,869**

Cairt 1
Líon na nlarratas bunaithe ar an gCineál Cáis 2025



Príomhfhorbairtí

Cinnteoireacht Chúnta

D'oibrigh An Bord um Chúnamh Dlíthiúil i ndlúthpháirt le Ranna Rialtais, comhlachtaí poiblí agus ENRanna chun tacú le cur chun feidhme an chreata um Chinnteoireacht Chúnta agus freagairt do shaincheisteanna oibriúcháin agus beartais a bhí ag teacht chun cinn. Glacadh leis seo mar chuid de Chinnteoireacht Chúnta – Clár Athchóirithe Ilghníomhaireachta, a bhí gearrliostaithe sa chatagóir Tionchar ar Shaoránaigh agus Seirbhísí do Chustaiméirí i nGradaim Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse.

Ainneoin gur tháinig méadú de réir a chéile ar iarratais faoin Acht ó cuireadh tús leis in Aibreán 2023, mhéadaigh an t-éileamh go suntasach i rith 2025, go háirithe i ndáil le hurscaoileadh Chuid 6 ó chásanna coimircíochta roimh an spriocdháta reachtúil, an 25 Aibreán 2026. Phróiseáil An Bord um Chúnamh Dlíthiúil iarratais thar ceann thart ar 1,300 coimircí agus eisíodh 1,280 Deimhniú um Chúnamh Dlíthiúil idir Meitheamh agus Lúnasa 2025, rud a chuir ar chumas na Seirbhíse Cúirteanna díriú ar na hábhair seo trí na cúirteanna ar bhonn tráthúil.

Orduithe Sriantacha Sibhialta

Tá an líonra Ionad Dlí ag díriú ar réimse oibre nua a bhaineann le horduithe faoi Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023. Is réimse é seo ina bhfuil ról ceannaireachta ag foireann an ionaid dlí chomh fada is a bhaineann le forbairt cleachtais agus nóis imeachta sna cúirteanna. Chuir Oibríochtaí Sibhialta eolas ar fáil, nuashonraigh siad nósanna imeachta agus chuir siad cúrsaí oiliúna ar fáil do bhaill foirne maidir le seachadadh seirbhíse agus d'oibrigh siad leis an tSeirbhís Cúirteanna chun foirmeacha cúirte níos éifeachtaí a fhorbairt agus chun faisnéis níos fearr a chur ar fáil.

Comhaontú Imirce an AE

Chuir comhghleacaithe ó na hionaid dlí um Chosaint Idirnáisiúnta tús le hobair ullmhúcháin shuntasach a bhain le cur chun feidhme Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2026. San áireamh anseo bhí comhoibriú le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear Ranna Rialtais, comhlachtaí poiblí agus ENRanna, chun seachadadh seirbhíse éifeachtach a chinntiú de réir Chomhaontú Imirce agus Tearmainn an AE, a bhfuil sé beartaithe go mbeidh sé ag teacht i bhfeidhm in 2026.

Ionadaíocht ar Ghearánaigh

Tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar sheirbhísí dlí a bhain le hionadaíocht ar ghearánaigh in 2025. Tugadh an méadú faoi deara i mí na Bealtaine ar dtús agus idir Deireadh Fómhair agus Nollaig i ndiaidh breithiúnais shuntasaigh na Cúirte Uachtaraí a bhain le nochtadh taifead comhairleoireachta, eisithe in The People (DPP) v. AM i mí na Bealtaine 2025. D'athraigh an rialú seo

an cur chuige maidir le taifid chomhairleoireachta a nochtadh i gcásanna éignithe agus ionsaithe gnéis eile go suntasach.

Roimhe seo, bhí an t-éileamh ar sheirbhísí sa réimse sonrach seo íseal, díreach 7 gcás as 106 cás in 2024, agus bhí an príomhriachtanas bunaithe ar ionadaíocht i rith croscheistithe a bhain le stair ghnéis roimhe seo íospartaigh. Tá An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ag súil leis anois go dtiocfaidh méadú ar an éileamh a bheidh ar a sheirbhísí i bhformhór na n-ionchúiseamh a bhaineann le cionta éignithe agus ionsaithe gnéis, agus go mbeidh réimse nua seachadta seirbhíse á bhunú go héifeachtach. Éileoidh beagnach gach cás iarratas Alt 19A.

I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh an tAire An Bille um an Dlí Coiriúil agus an Dlí Sibhialta, a chuirfeadh deireadh le, má achtaítear é, an rogha atá ann toiliú do tharscaoileadh an chirt chun éisteachta i ndáil le taifid chomhairleoireachta a nochtadh. Táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach ag an athrú reachtach seo ar líon na n-iarratas a chuirfear faoi bhráid an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, de bhrí go n-éileoidh aon ionchúiseamh a bhaineann le cion gnéasach a bhféadfadh nochtadh taifead comhairleoireachta a bheith i gceist leis, atá clúdaithe faoi Alt 28(5B) d'Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, atreorú chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil chun críche ionadaíochta dlíthiúla in éisteacht iomlán Alt 19A. I láthair na huaire, ní leanann gach cás ar aghaidh go dtí éisteacht iomlán, dá bhrí sin, níl na himpleachtaí ar acmhainní chomh suntasach is a shíltear a bheidh má chuirtear an leasú seo chun feidhme.

Beartas Cosanta Leanaí

In 2025, thug na Stiúrthóireachtaí um Sheachadadh Seirbhíse faoi athbhreithniú agus nuashonrú cuimsitheach ar an mBeartas Cosanta Leanaí agus ar na Ráitis Sábháilteachta chun éifeachtúlacht agus próisis a fheabhsú.

Gaeilge

Tá ról ceannaireachta á ghlacadh ag fostaithe in Oibríochtaí Sibhialta chun comhlíontacht lenár ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a chinntiú, chomh fada is a bhaineann le seirbhísí an Bhoird a chur ar fáil trí Ghaeilge. Tá fostaithe spreagtha chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí Gaeilge agus tá Líonra Gaeilge bunaithe chun úsáid na Gaeilge in oifigí a chur chun cinn. Bíonn an grúpa i dteagmháil le fostaithe ar fud na tíre agus tá comhoibriú iontach ar siúl maidir le húsáid na Gaeilge.

Tá ról ceannaireachta á ghlacadh ag fostaithe in Oibríochtaí Sibhialta chun comhlíontacht lenár ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, (2003 & 2021), a chinntiú, chomh fada is a bhaineann le seirbhísí an Bhoird a chur ar fáil trí Ghaeilge. Tá fostaithe spreagtha chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí Gaeilge agus tá Líonra Gaeilge bunaithe chun úsáid na Gaeilge in oifigí a chur chun cinn. Bíonn an grúpa i dteagmháil le fostaithe ar fud na tíre agus tá comhoibriú iontach ar siúl maidir le húsáid na Gaeilge.



Cás-Staidéir

Iarratas faoi Choinbhinsiún na Háige i ndáil le Leanbh a Thabhairt ar Ais

Cúlra

Lorg an cliant cúnamh dlíthiúil i ndiaidh do mháthair an linbh a mhac a thabhairt ó Shasana chomh fada le hÉirinn. Bhí ordú faoi Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Háige á lorg ag an gcliant, agus bhí iarratas á dhéanamh aige go mbeadh an leanbh á thabhairt ar ais chuig a ghnátháit chónaithe i Sasana. Bhí na tuismitheoirí scartha óna chéile ach bhí comhchaomhnóireacht acu, agus bhí an mháthair freagrach as príomhchúram agus rialú an linbh. Bhí socruithe rochtana comhaontaithe bunaithe i Sasana.

Imeachtaí Dlí

Cuireadh Deimhniú um Chúnamh Dlíthiúil ar fáil don chliant ar bhonn tosaíochta chun imeachtaí san Ard-Chúirt a thionscnamh. Cuireadh Cúnamh Dlíthiúil ar fáil do mháthair an linbh ar bhonn tosaíochta freisin agus rinne ionad dlí eile ionadaíocht uirthi.

Ag an éisteacht cúirte thosaigh, rinneadh ordú a chuir cosc ar an leanbh a thógáil as Éirinn, seachas chun é a thabhairt ar ais go Sasana. Cuireadh eolas maidir leis an ordú ar fáil don Gharda Síochána agus do na húdaráis chalafoirt.

Threoraigh an Ard-Chúirt go gceapfaí measúnóir neamhspleách chun éisteacht le guth an linbh agus chun tuarascáil a ullmhú a bheadh le críochnú i ndiaidh don dá pháirtí mionnscríbhinn mhionnaithe a chur ar fáil ina ndéantar cur síos ar a seasamh siúd faoi seach. Tháinig na hionadaithe dlíthiúla faoi seach ar chomhaontú maidir le rochtain idir an leanbh agus a athair idir an dá linn.

Toradh

Nuair a bhí an tuarascáil críochnaithe, tugadh faoi deara nár chuir an leanbh in aghaidh an chinnidh filleadh ar Shasana. Thug sé le fios gur airigh sé uaidh a athair, cairde agus a mhuintir ansin.

I diaidh cúrsaí a bhain leis an tuarascáil a phlé, thoiligh an mháthair cead a thabhairt don leanbh filleadh ar Éirinn. Tháinig na páirtithe ar chomhaontú maidir le dáta fillte agus tháinig siad ar chomhaontú airgeadais chun tacú leis an bhfilleadh. D'fhill an leanbh ar Shasana de réir an chomhaontaithe i ndiaidh thart ar chúig mhí a chaitheamh in Éirinn. Pointe tábhachtach is ea, trí thairbhe a bhaint as ionadaíocht um chúnamh dlíthiúil, gur cuireadh tuairimí an linbh san áireamh, agus gur réitíodh an cheist go tráthúil gan aon ghá a bheith le héisteacht chonspóidte.

Gáinneáil ar Dhaoine

Chuir Aonad um Gháinneáil ar Dhaoine an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil seirbhísí ar fáil do roinnt íospartach gáinneála ar dhaoine a ndearnadh dúshaothrú orthu i nDún na nGall. Tarraingíodh neart airde ar an gcás seo sna meáin de bhrí gur gearradh pianbhreith phríosúin de 11 agus 13 bhliain ar na gáinneálaithe mar gheall ar a gcoireanna. Cás cinniúnach a bhí anseo, arb ionann é agus an chéad chiontú in Éirinn i ndáil le gáinneáil chun críche dúshaothrú lucht oibre.

Ghlac foireann an Aonaid le hatreoruithe le haghaidh na gcliant seo nuair a shainaithin Gardaí iad mar íospartaigh gháinneála ar dhaoine. In Éirinn i láthair na huaire, is iad na Gardaí an t-aon údarás atá in ann íospartaigh gháinneála ar dhaoine a aithint. Chuir foireann an Aonaid seo comhairle dlí maidir le gáinneáil ar fáil do na cliaint seo go luath. I rith an imscrúdaithe, chuaigh foireann an Aonaid i mbun idirchaidrimh leis na Gardaí agus leis na cliaint chun a chinntiú go raibh an t-eolas cuí ar fad acu maidir leis an bpróiseas dlíthiúil. Bíonn riachtanais chasta ag íospartaigh gháinneála go minic, agus chuir Foireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc FSS tacaíocht phraiticiúil ar fáil i réimsí cosúil le cóiríocht agus rochtain a fháil ar chúram sláinte.

Bhí sé beartaithe go mbeadh fianaise á cur ar fáil ag na cliaint seo ag triail a raibh sé beartaithe tús a chur léi i bhfómhar 2026. Roimh an éisteacht, bhuail foireann an Aonaid leo chun comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir le próiseas na trialach coiriúla agus an méid a d'fhéadfadh siad a bheith ag súil leis mar fhinnéithe. I ndiaidh do na gáinneálaithe pléadáil ciontach, áfach, níor ghá do na cliaint fianaise a chur ar fáil.

Is fianaise é toradh an cháis seo ar bhreis feasachta a bheith ar gháinneáil ar dhaoine in Éirinn. Tá obair na nGardaí agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar an gcás seo le moladh.

Iarratas ar Nótaí Comhairleoireachta a Eisiúint faoi Alt 19A d'Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992

D'atreoraigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí Cás E chuig an Ionad Dlí roimh iarratas

réamhthrialach a bhí os comhair na Cúirte Cuarda Coiriúla. Bhain an t-iarratas le nochtadh féideartha taifead comhairleoireachta faoi Alt 19A d'Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992. Gearánach fásta ba ea an cliant a bhí páirteach in imeachtaí a bhain le líomhaintí maidir le drochúsáid ghnéasach ina hóige a rinne duine a raibh dlúthnasc aici lena teaghlach. Bhí diagnóis de neamhord struis iarthrámaigh faighte aici agus bhí deacrachtaí meabhairshláinte leanúnacha suntasacha aici.

Roimhe sin, thoiligh an cliant go mbeadh a nótaí comhairleoireachta á gcur ar fáil don ionchúiseamh. Ina dhiaidh sin, lorg an chosaint go mbeadh na taifid seo á nochtadh. Tháinig an t-iarratas chun cinn i gcomhthéacs chinneadh na Cúirte Uachtaraí in DPP v AM (2025), inar tarraingíodh aird ar an ngá a bhí le nósanna imeachta nochta chun cearta príobháideachais an ghearánaigh a chosaint agus ag an am céanna, ceart chun trialach cothroime an chúisí a chinntiú. Chomh maith leis sin, threisigh an breithiúnas an tábhacht a bhain le rochtain ar chomhairle dlí neamhspleách do ghearánaigh leochaileacha sula ndéantar cinntí faoi thaifid theiripeacha íogaire a nochtadh.

Cuireadh eolas maidir leis an ábhar ar fáil don Ionad Dlí seacht lá roimh an éisteacht. Ar dháta na héisteachta, ba léir go raibh idirghabhálaí ceaptha chun tacú leis an gcliant i rith na n-imeachtaí coiriúla mar gheall ar a leochaileachtaí áirithe. D'éiligh rannpháirtíocht leis an gcliant tacaíocht dhlíthiúil chúramach, thrámathreoraithe. Bhí an comhairliúcháin casta agus dian ó thaobh na mothúchán di, agus bhí sosanna rialta ag teastáil chun tacú le rannpháirtíocht an chliaint. Páirt-toiliú a bhí mar thoradh ar chomhairliúchán tosaigh a mhair ceithre uair an chloig, agus cheadaigh an chúirt atráth seachtaine chun tacú le tuilleadh rannpháirtíochta lasmuigh den suíomh cúirte. I ndiaidh tuilleadh comhairliúchán, lena n-áirítear breithniú ar thuilleadh taifead ó FSS nochta ina dhiaidh sin, thoiligh an cliant go hiomlán do na nótaí ábhartha ar fad a chur ar fáil.

Is fianaise é an cás seo ar an gcastacht phraiticiúil agus dhlíthiúil a bhaineann le hiarratais Alt 19A, go háirithe sa chás go bhfuil cliaint leochaileach agus go bhfuil na taifid a lorgaíodh an-íogair. Is fianaise atá ann freisin ar an ról tábhachtach atá ag comhairle dlí speisialta, neamhspleách chun cur ar chumas gearánach saincheisteanna a thuiscint, rogha eolasach a dhéanamh agus páirt fhiúntach a ghlacadh i gcinntí a bhfuil tionchar acu ar a bpríobháideachas, dínit agus rannpháirtíocht leis an bpróiseas ceartais choiriúil.

Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh

Tá Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil á cur ar fáil saor in aisce agus tá rochtain uilíoch ar sheirbhísí le fáil in 20 suíomh: Tá 10 n-oifig lánaimseartha (Baile Átha Luain, Baile Munna, Corcaigh, Teach an Charnáin, Gaillimh, Teach Jervis, Luimneach, Port Laoise, Tamhlacht agus Loch Garman) agus 10 n-oifig pháirtaimseartha (Ceatharlach, Caisleán an Bharraigh, Dún Dealgan, Inis, Cill Chainnigh, Leitir Ceanainn, An tAonach, Sligeach, Trá Lí agus Port Láirge) oscailte le haghaidh idirghabhála idir 3 agus 4 lá in aghaidh na seachtaine.

Tairgeann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil seirbhísí idirghabhála teaghlaigh do chliaint atá ag scaradh nó ag colscaradh, ionas gur féidir leo dul i mbun caibidlíochta maidir le téarmaí a gcomhaontaithe. Chomh maith leis sin, tairgeann



sé seirbhísí idirghabhála teaghlaigh do chliaint chun saincheisteanna cosúil le díospóidí tuismitheoireachta, rochtain, caomhnóireacht agus cothabháil a réiteach.

I rith 2025, rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le treisiú an tseachadta seirbhíse, socruithe foirne oibre agus ról na seirbhíse laistigh den chóras ceartais teaghlaigh níos ginearálta. Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ar amanna feithimh agus tá bearta maolaithe á gcur chun feidhme, lena n-áirítear úsáid ghníomhach a bhaint as an bPainéal Idirghabhálaithe Príobháideacha chun éileamh a bhainistiú. Ainneoin go bhfuil tionchar ag srianta acmhainní ar an luas forbartha go fóill, tá ar chumas na seirbhíse díriú ar fhás agus ar fhorbairt amach anseo.

Tá Ionad Dlí agus Idirghabhála Teaghlaigh Theach an Charnáin ag díriú ar shamhail chomhoibritheach a fhorbairt idir an tSeirbhís Cúirteanna agus An Bord um Chúnamh Dlíthiúil atá deartha chun idirghabháil teaghlaigh a leabú laistigh den phróiseas cúirte. Is é an aidhm atá leis an tsamhail ná an leibhéal úsáide idirghabhála a mhéadú, torthaí cliant a fheabhsú agus an méid brú atá ar na cúirteanna a laghdú trí thairbhe a bhaint as cur chuige comhordaithe, ilghníomhaireachta. Tá sé mar aidhm leis cosán cuíchóirithe agus inrochtana a chur ar fáil do chliaint, a chinntiú go bhfuil eolas maidir le hidirghabháil á roinnt le cliaint in áiteanna éagsúla, agus go bhfuil tacaíocht curtha ar fáil dóibh chun cinntí luatha a dhéanamh agus go bhfuil ar a gcumas díospóidí a réiteach taobh amuigh den chúirt más cuí. I measc na bpríomhfhorálacha tá:

- Rannpháirtíocht luath ag pointí iontrála cúirte (deasca eolais, comharthaíocht, atreoruithe QR, baill foirne oilte)
- Tacaíocht bhreithiúnach, agus aird tarraingthe ar idirghabháil i rith imeachtaí cúirte.
- Comhshuíomh seirbhíse (An tSeirbhís Cúirteanna, Ionad Dlí agus Seirbhís Idirghabhála)
- Cosán idirghabhála struchtúrtha (scagadh, seisiúin chomhpháirteacha, dréachtú comhaontaithe)
- Béim shuntasach ar chomhoibriú, cumarsáid agus oiliúint foirne

Tá an tsamhail ailínithe le cuspóirí athchóirithe ceartais teaghlaigh agus tacaíonn sí le príomhshruthú idirghabhála laistigh de phróisis chúirte. Soláthraítear creat atá inscálaithe agus inmhacasamhlaithe, faoi réir acmhainní cuí a bheith ar fáil.

Lean an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh le ról tábhachtach a bheith aici i ndáil le tacú le cur chun feidhme an athchóirithe ceartais teaghlaigh i rith 2025. Trí chur le tionscnaimh cheartais teaghlaigh náisiúnta, chabhraigh An Bord um Chúnamh Dlíthiúil le dlús a chur le cur chuige níos inrochtana, comhordaithe agus dírithe ar úsáideoirí chun díospóidí teaghlaigh a réiteach, agus leagadh béim ar leith ar idirghabháil agus ar roghanna malartacha eile seachas imeachtaí cúirte.

I rith na bliana, d'éirigh leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil gach gníomh a bhí sannta dó faoi chlár feidhmithe na Straitéise Ceartais Teaghlaigh a chur i gcrích. I measc na bpríomhéachtaí bhí forbairt leanúnach ar sheirbhís athghlao cliant, tuilleadh comhoibrithe leis an tSeirbhís Cúirteanna chun an úsáid a bhí á baint as idirghabháil chúirte a mhéadú 42%, forbairt agus scaipeadh acmhainní oiliúna maidir le foréigean baile, smachtú comhéigneach agus scagadh rioscaí, agus cúrsaí oiliúna a chur ar fáil do chleachtóirí idirghabhála. Chomh maith leis sin, sholáthair An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ceannaireacht i ndáil le Comhairle Idirghabhála a bhunú agus Scéim Idirghabhála na gCleachtóirí Príobháideacha a bhunú go buan.

Threisigh na tionscnaimh seo infhaighteacht agus sofheictheacht na seirbhísí idirghabhála teaghlaigh, d'fheabhsaigh siad cumas cleachtóirí agus comhoibriú trasghníomhaireachta, agus thacaigh siad le níos mó úsáide a bheith á baint as idirghabháil mar mhodh éifeachtach chun díospóidí teaghlaigh a réiteach. In éineacht lena chéile, cuireann siad le córas ceartais teaghlaigh atá níos inrochtana, freagrúil agus dírithe ar thorthaí dearfacha a bhaint amach do theaghlaigh agus leanaí.

Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh i bhFigiúirí

Tábla 2 - Cásanna Nua 2020-2025

Bliain	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Gach Saincheist (lánúineacha)	1,091	1,186	1,148	1,199	1,985	1,694
Cúirtbhunaithe	251	326	355	314	309	439
Cásanna Líne Cabhrach Teileafóin	248	-	-	-	-	-
Iomlán	**1,590**	**1,512**	**1,503**	**1,513**	**2,294**	**2,133**

Tábla 3 - Comhaontuithe Iomlána 2020-2025

Bliain	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Gach Saincheist (lánúineacha)	581	819	726	707	844	735
Cúirtbhunaithe	162	187	291	221	201	273
Cásanna Líne Cabhrach Teileafóin	173	-	-	-	-	-
Iomlán	**916**	**1,006**	**1,017**	**928**	**1,045**	**1,008**

Seachadadh Seirbhíse Tacaíochta

Cinnteoireacht agus Seirbhísí Seachtracha (Sibhialta)

Ag feidhmiú go príomha as Ceannoifig an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil i gCathair Saidhbhín, is é Cinnteoireacht agus Seirbhísí Seachtracha (Sibhialta) (CSS) an stiúrthóireacht atá freagrach as iarratais ar chúnamh dlíthiúil sibhialta agus caiteachas gaolmhar de réir Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, rialacháin ábhartha agus na treoirlínte beartais atá leagtha amach sa Chiorclán maidir le Seirbhísí Dlíthiúla.

Tá CSS freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar chúnamh dlíthiúil i ndáil le hábhair nach bhfuil faoi réir socruithe cinnteoireachta tarmligthe laistigh d'ionaid dlí, ábhair shibhialta chasta a bhaineann leis an Ard-Chúirt agus leis an gCúirt Chuarda agus ábhar eile nach iad. Chomh maith leis sin, déanann CSS cinneadh maidir le hiarratais ar chaiteachas breise, lena n-áirítear abhcóidí a choinneáil, finnéithe saineolacha agus tuarascálacha speisialta má theastaíonn a leithéid chun tacú le hionadaíocht éifeachtach daoine a bhfuil cúnamh dlíthiúil á fháil acu. Lena chois sin, bainistíonn CSS seacht bpainéal aturnaetha agus abhcóidí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, déanann sí athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta ar sheirbhísí um chúnamh dlíthiúil a chuireann cleachtóirí príobháideacha ar fáil,

tacaíonn sí le comhtháthú seirbhísí reachtúla nua agus forbraíonn sí beartas a bhaineann le cinnteoireacht um chúnamh dlíthiúil agus rannpháirtíocht cleachtóirí príobháideacha.

Príomhghníomhartha

Tugadh faoi fheachtas a raibh sé mar aidhm leis Painéil Aturnaetha Abhaile a athoscailt chun déileáil le bearnaí sa chlúdach geografach, go háirithe sa Phainéal Aturnaetha Dualgais. San áireamh san fheachtas eolais a seoladh i Meán Fómhair bhí rannpháirtíocht spriocdhírithe cumarsáide agus meán sóisialta a raibh sé mar aidhm léi iarratais ó chleachtóirí i réimsí le hionadaíocht theoranta a spreagadh. Ainneoin gur spreag an feachtas leibhéil shuntasacha spéise agus rannpháirtíochta ar líne, bhí tionchar ag dúshláin earcaíochta ar fhorbairt an phainéil fós.

Nuachóiríodh gnéithe de phróisis riaracháin CSS trí shocruithe leictreonacha a fhorbairt ionas go bhféadfaí sonraisc agus foirmeacha éilimh a chur isteach. Bhí sé sin mar bhonn le héifeachtúlacht oibriúcháin a fheabhsú, próiseáil pháipéir a laghdú agus inrochtaineacht seirbhísí do chleachtóirí painéil a fheabhsú.

D'éascaigh CSS próiseáil líon suntasach iarratas ar sheirbhísí dlíthiúla faoi Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, a tháinig chun solais i ndáil le coimircithe nach mór a urscaoileadh ó choimircíocht faoi chuid 6 den Acht. Chinntigh sé sin go raibh rochtain ag daoine ar ionadaíocht dhlíthiúil i rith an chláir shuntasaigh seo d'athchóiriú reachtach.

Chomh maith leis sin, thacaigh CSS le seirbhísí dlíthiúla a chur ar fáil do ghearánaigh agus d'fhinnéithe i gcásanna áirithe a raibh cionta gnéasacha i gceist leo. I rith 2025, phróiseáil CSS 288 iarratas faoin scéim seo a bhain le clárú agus sannadh chuig ionaid dlí, sin méadú suntasach i gcomparáid leis an 112 iarratas a fuarthas in 2024.

Lena chois sin, lean CSS ar aghaidh ag obair le Ranna Rialtais, comhlachtaí reachtúla agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara i raon réimsí beartais, lena n-áirítear Abhaile, Cinnteoireacht Chúnta agus incháilitheacht airgeadais do chúnamh dlíthiúil sibhialta. Tríd an obair seo, thacaigh CSS le forbairt leanúnach seirbhísí um chúnamh dlíthiúil agus chabhraigh sí chun a chinntiú go mbíonn cúnamh dlíthiúil fós inrochtana, freagrúil agus ailínithe le riachtanais na ndaoine atá ag brath ar a leithéid.

Cinnteoireacht agus Seirbhísí Seachtracha i bhFigiúirí

Tábla 4 - Líon na nAtreoruithe chuig Aturnaetha Príobháideacha 2020-2025

Bliain	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Dlí Teaghlaigh Príobháideach na Cúirte Dúiche	6,042	6,961	7,086	7,082	7,484	7,030
Cúram Leanaí na Cúirte Dúiche	47	55	92	172	193	231
An Chúirt Chuarda	7	145	327	101	116	126
Cosaint Idirnáisiúnta	941	918	5,725	8,850	11,109	10,088
Coiste Cróinéara	7	50	15	32	14	9
Cinnteoireacht Chúnta (Cumas)	N/B	N/B	N/B	41	838	2,413
Iomlán	**7,044**	**8,129**	**13,245**	**16,278**	**19,754**	**19,897**

Tábla 5 - Cásanna Scéim Abhaile 2020-2025

Bliain	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Comhairliúcháin trí úsáid a bhaint as dearbhán SBCA	346	219	301	238	222	321
Údarás chun tuilleadh idirbheartaíochta a dhéanamh	51	25	12	3	3	1
Líon na laethanta aturnae dualgais sceidealaithe	264	272	262	351	392	378
Deimhnithe um Chúnamh Dlíthiúil ceadaithe le haghaidh athbhreithnithe SDP	414	324	254	229	334	315
Deimhnithe um Chúnamh Dlíthiúil ceadaithe le haghaidh achomhairc SDP	148	101	70	21	25	57
Abhcóide ceadaithe don Chúirt Chuarda	259	139	41	23	838	2,413
Iomlán	**1,482**	**1,080**	**940**	**865**	**1,025**	**1,100**

Cairt 2 - Deimhnithe um Chúnamh Dlíthiúil Ceadaithe sa Chúirt Dúiche de Bhua Scéim CP na Cúirte Dúiche 2025

Cuirimid comhairle agus ionadaíocht dhlíthiúil ar fáil dóibh siúd a cháilíonn i réimsí cosúil le cosaint idirnáisiúnta, dlí teaghlaigh agus cinnteoireacht chúnta.



Acmhainní Daonna

Tacaíonn an tAonad Acmhainní Daonna (AD) le baill foirne i rith an timthrialla fostaíochta, soláthraíonn sé treoir maidir le beartais agus nósanna imeachta AD, agus cinntíonn sé go bhfuil forbairtí sa timpeallacht AD Státseirbhíse trí chéile á roinnt agus á gcur chun feidhme laistigh den eagraíocht.

Tá ceadúnas earcaíochta ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus reáchtálann sé gach comórtas earcaíochta de réir an Chóid Chleachtais Ceapacháin i bPost sa Státseirbhís. I rith 2025, cuireadh 28 feachtas earcaíochta ar fad i gcrích a bhain le gráid agus disciplíní éagsúla. Laghdaigh an leibhéal foirne ó 571 ag deireadh 2024 go dtí 559 ag deireadh 2025, go príomha mar gheall ar shos sealadach earcaíochta a tugadh isteach i mí Iúil 2025 chun a chinntiú go raibh paraiméadair a bhain le buiséad pá á gcomhlíonadh. Cuireadh tús arís le gníomhaíocht earcaíochta i rith na ráithe deiridh den bhliain; ach ní raibh leibhéil foirne cothrom leis na leibhéil réamhshosa ag deireadh na bliana mar gheall ar ghnáthamanna tionscanta earcaíochta agus ráta athraithe foirne a bhí cothrom le 13.6%.

Lean AD ar aghaidh lena rannpháirtíocht le fostaithe féideartha agus leis an bpobal trí chéile freisin. D'fhreastail ionadaithe ar Aonach Gairmeacha Dlí UCC agus ar Aonach Fostaíochta Uíbh Ráthaigh i rith na bliana. Anuas air sin, ghlac 26 duine páirt i socrúcháin taithí oibre in ionaid dlí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, oifigí na seirbhíse idirghabhála teaghlaigh agus feidhmeanna Ceannoifige, agus tugadh léargas luachmhar ar ghairmeacha laistigh den eagraíocht agus den tseirbhís phoiblí. Bhain dúshlán suntasach le hearcú agus le coinneáil gairmithe sa Bhord um Chúnamh Dlíthiúil i rith na bliana, agus bhí tionchar ag difríochtaí tuarastail idir An Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus fostóirí dlíthiúla eile an Stáit ar a chumas baill foirne le taithí a mhealladh agus a choinneáil.

Foghlaim agus Forbairt

Tacaíonn an tAonad Foghlama agus Forbartha (AFF) leis an ngealltanas atá tugtha ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil maidir le foireann oilte, inoiriúnaithe agus ardfheidhmíochta a fhorbairt. Trí dheiseanna oiliúna, gairmiúla agus forbartha agus tacaíochtaí acadúla a chur ar fáil, déanann AFF iarracht cultúr d'fhoghlaim leanúnach, nuálaíocht agus barr feabhais seirbhíse a fhorbairt.

I rith na bliana, comhordaíodh breis is 1,400 áirithint oiliúna a bhain le raon leathan clár forbartha gairmiúla, teicniúla agus eagraíochta. Cuireadh tionscnaimh oiliúna ar fáil mar fhreagairt do cheanglais reachtacha, oibriúcháin agus straitéiseacha nua, agus tacaíodh ag an am céanna le folláine foirne agus le fás gairmiúil.

Tionscnamh suntasach i rith 2025 ba ea rolladh amach na gcúrsaí oiliúna a bhain le hIdirghabháil Leanbh-Ionchuimsitheach. Ag cur san áireamh go mbaineann tábhacht lena chinntiú go ndéantar breithniú cuí ar thuairimí leanaí i bpróisis idirghabhála teaghlaigh, rinne 32 idirghabhálaí clár cuimsitheach 40 uair an chloig a bhí bunaithe ar fhoghlaim ar líne agus san ionad, staidéar neamhspleách agus obair chúrsa a bhí á meas. Tacaíonn an infheistíocht seo le forbairt leanúnach seirbhísí idirghabhála speisialta agus tá sí ailínithe leis an ngealltanas atá tugtha ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil maidir le réiteach díospóidí leanbhlárnach.

Lean Scéim na dTáillí Acadúla ar aghaidh ag tacú le baill foirne atá ag díriú ar cháilíochtaí tríú leibhéal agus iarchéime. I rith 2025, faomhadh maoiniú le haghaidh 67 ball foirne a bhí ag



Imeacht oiliúna

díriú ar chláir éagsúla lena n-áirítear teastais fochéime agus dioplómaí iarchéime, céimeanna máistreachta agus taighde dochtúireachta. Is sásra tábhachtach é an scéim chun acmhainn eagraíochta a fhorbairt fad is atáthar ag tacú le forbairt ghairme aonair.

Cuireadh Cúrsaí Oiliúna maidir le hAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, ar fáil do 101 ball foirne i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta agus Abhcóideacht SAGE. Déileáladh sa chlár le creat tacaíochta cinnteoireachta an Achta agus cuireadh ar fáil freisin é do bhaill de Phainéil Cleachtóirí Príobháideacha an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, agus tacaíodh le tuiscint níos leithne ar an reachtaíocht san earnáil seirbhísí dlíthiúla trí chéile.

Cuireadh cúrsaí oiliúna speisialta ar fáil do bhainisteoirí sinsearacha maidir le hoibleagáidí a eascraíonn as Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus cur chun feidhme chreat cinnteoireachta SF athbhreithnithe an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Chuir Stiúrthóirí, Príomhoifigigh Chúnta agus gráid chomhionanna clár cuimsitheach i gcrích a chlúdaigh gach gné de riarachán SF, lena n-áirítear measúnú ar iarratais, díolúintí a chur i bhfeidhm, breithniúcháin maidir le leas poiblí agus freagrachtaí cinnteoireachta.

Chomh maith leis sin, d'éascaigh AFF cúrsaí oiliúna maidir le ceannaireacht um ghníomhú ar son na haeráide do bhaill den Bhord Reachtúil, don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúchain agus don Mheitheal Chomhshaoil, ag tacú le comhlíonadh cheanglais Shainordú Aeráide na hEarnála Poiblí agus ag treisiú ghealltanas na heagraíochta maidir le hinbhuanaitheacht agus freagracht chomhshaoil.

Forbairtí Nua

Seoladh clár ionduchtaithe nua arbh fhéidir le daoine freastal air, clár a sholáthair eispéireas ionduchtaithe níos cuimsithí d'fhostaithe nua. I rith na bliana, d'fhreastail 64 ball foirne ar sheisiúin ionduchtaithe a chlúdaigh stair agus ról an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, acmhainní daonna agus tacaíochtaí foghlama, Saoráil Faisnéise, cosaint sonraí, beartais TFC agus seirbhísí folláine foirne.

Cuireadh tacaíocht bhreise ar fáil trí ról nua an Oifigigh Idirchaidrimh Foirne, a thairg cúnamh struchtúrtha d'fhostaithe i rith na tréimhse tosaigh a chaith siad ag obair san eagraíocht. San áireamh sa tionscnamh seo tá rannpháirtíocht rialta le baill foirne nua, fógairt tacaíochtaí agus treorach atá ar fáil chun díriú ar phróisis eagraíochta. Tacaíodh le bainisteoirí nua freisin trí chúrsaí oiliúna forbartha bainistíochta duine le duine.

Leanadh ar aghaidh leis na cúrsaí oiliúna cleachtais trámathreoraithe i rith 2025, fianaise ar an ngealltanas atá tugtha ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil maidir le seirbhísí a chur ar fáil atá ag freagairt do riachtanais cliant a d'fhéadfadh a bheith ag déileáil le tráma. Rinne 103 ball foirne ar fad ceardlanna maidir le cleachtas trámathreoraithe i rith na bliana, rud a threisigh cumas na heagraíochta chun seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach a thacaíonn le dínit, tuiscint agus torthaí dearfacha do chliaint.

Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha freagrach as Airgeadas, Rialachas, Bainistíocht Riosca, Bainistíocht Saoráidí, Sláinte agus Sábháilteacht, Bainistíocht Punainne agus Bainistíocht Réadmhaoine. Trí na feidhmeanna seo, tacaíonn an Stiúrthóireacht le riarachán éifeachtach, cuntasacht agus athléimneacht oibriúcháin an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.

An tAonad Bainistíochta Saoráidí

Cuireann an tAonad Bainistíochta Saoráidí seirbhísí bainistíochta saoráidí ar fáil do líonra ionaid dlí agus oifigí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.

Tá an tAonad freagrach as earraí agus seirbhísí a chur ar fáil, sonraisc a phróiseáil, iarratais ar athruithe úsáideoirí seirbhísí, iarratais a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, agus riachtanais rochtana daoine atá faoi mhíchumas. Tá tairbhe á baint as córas ticéadaithe lárnach chun tacú le hearraí agus seirbhísí a chur ar fáil, le cothabháil agus le haire a thabhairt d'áitribh agus do threalamh.

In 2025, dhéileáil an tAonad le 22,300 iarratas ó úsáideoirí seirbhísí, mar aon le comhfhreagras ginearálta ón Deasc Chabhrach Saoráidí. Lena

chois sin, lean an tAonad ar aghaidh ag tacú leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil chun luach ar airgead a fháil i ndáil le hearraí agus seirbhísí trí chonarthaí a athbhreithniú, machnamh a dhéanamh ar an gcostas airgeadais, cáilíocht agus iontaofacht seirbhísí, agus socruithe conarthacha iomaíocha a lorg, más cuí. In 2025, bhí an tAonad freagrach as buiséad luach €4.47 milliún.

Anuas air sin, sholáthair an tAonad tacaíocht phraiticiúil agus lóistíochtúil le haghaidh oibreacha athchóirithe oifige, cuairteanna Aireachta, cruinnithe Boird Reachtúla, gníomhaíochtaí rialachais, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta, agus imeachtaí foirne ar fud na tíre.

An tAonad Sláinte agus Sábháilteachta

Déanann an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta maoirseacht ar chur chun feidhme agus ar chothabháil Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta an Chórais um Chúnamh Dlíthiúil, tacaíonn sé chun a chinntiú go bhfuil reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta á comhlíonadh mar aon le dea-chleachtas aitheanta.

I rith 2025, d'oibrigh an tAonad i gcomhpháirt le stiúrthóireachtaí, bainisteoirí, fostaithe agus ionadaithe sábháilteachta chun tacú le hardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta ar fud na heagraíochta. San áireamh anseo bhí tacú le comhairliúchán le fostaithe agus a chinntiú go leabaítear breithniúcháin sláinte agus sábháilteachta in oibríochtaí laethúla.

Bhí an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar an láthair in oifigí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil i rith na bliana. San áireamh anseo bhí eolas agus treoir a chur ar fhostaithe maidir le príomhrioscaí san áit oibre, lena n-áirítear foréigean agus ionsaí, tiomáint mar ghairm bheatha, agus Trealamh Scáileáin Taispeána. Bhí an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ag obair i ndlúthpháirt leis an bhfoireann meánbhainistíochta agus leis an bhfoireann bainistíochta shinsearach freisin chun a chinntiú go raibh measúnuithe riosca cothrom le dáta agus go raibh aird mar is cuí á tabhairt ar ráitis sábháilteachta agus ar bhainistíocht sábháilteachta dóiteáin.

An tAonad Punainne Réadmhaoine

I mí an Mhárta 2025, bhí ceiliúradh ar dhul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil tráth ar osclaíodh Ionad Dlí agus Idirghabhála Teaghlaigh nua i gCaisleán an Bharraigh. Ba é an tAire Stáit, Niall Collins TD, a d'oscail an t-ionad go foirmiúil agus i láthair freisin bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Joan Crawford, agus Cathaoirleach an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, Nuala Egan SC.

Cuireadh an t-ionad ar fáil i ndiaidh feistiú nua-aimseartha agus athchóiriú an áitribh nua, agus tá timpeallacht chomhaimseartha agus fheidhmiúil curtha ar fáil san ionad do chliaint agus do bhaill foirne. Cuirfidh an t-ionad nua le cumas an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil cúnamh dlíthiúil sibhialta agus seirbhísí idirghabhála teaghlaigh inrochtana a chur ar fáil de réir a théarmaí tagartha reachtúla agus cuspóirí straitéiseacha.



I mí an Mhárta 2025, chuir an tAonad tús le tionscadal chun oifigí corparáideacha nua a bhunú ag Foirgneamh a hOcht, Baile Átha Cliath, agus tá sé beartaithe na hoibreacha a chur i gcrích i mí an Mhárta 2026. San áireamh sa tionscadal tá fáil, athchóiriú agus feistiú áitribh nua chun timpeallacht oibre nua-aimseartha agus lánfheidhmiúil a chur ar fáil do bhaill foirne.

Lena chois sin, chuir an tAonad críoch le hathchóiriú an Ionaid Dlí & Idirghabhála Teaghlaigh (Barr an Chalaidh) i nGaillimh i mí Iúil 2025. Mar thoradh ar an tionscadal seo cuireadh saoráid nua-aimseartha, chomhlonnaithe ar fáil agus tacaíodh le leanúnachas seirbhíse trí Ionad Dlí Theach Seville agus an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh ag Cé na gCeannaithe a chomhdhlúthú.



Ionad Dlí & Idirghabhála Teaghlaigh na Gaillimhe (Barr an Chalaidh)

Chomh maith leis sin, leanadh ar aghaidh le hoibreacha sa réadmhaoin i Margadh na Feirme i rith na bliana, agus cuireadh príomhchéimeanna seachadta i gcrích agus díríodh ar na hoibreacha ar fad a chríochnú.

Os a choinne sin, rinne foireann an Aonaid maoirseacht ar ionad dlí sealadach a chur ar fáil i bPlás Odhráin, An Pharáid Theas, Port Láirge, i ndiaidh dhúnadh an ionaid dlí i gCearnóg an Iarnróid. Cuireadh an t-ionad sealadach seo ar fáil chun cur isteach a laghdú agus chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú do chliaint sa réigiún.

Rúnaí an Bhoird

Tacaíonn Rúnaí an Bhoird leis an mBord Reachtúil. I rith 2025, bhuail baill an Bhoird le chéile 11 uair, agus reáchtáladh cruinnithe i mBaile Átha Cliath, Cathair Saidhbhín agus roinnt ionad dlí ag an am céanna le hoscailtí oifigiúla agus imeachtaí áitiúla.

Rialachas

Tá raon oibleagáidí rialachais, tuairiscithe agus comhlíonta ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Sa bhreis ar bhainistíocht riosca, is é nó í an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach as roinnt príomhcheanglas tuairiscithe agus comhlíonta.

I measc na bhfreagrachtaí seo tá ullmhú agus comhordú Ráiteas Airgeadais, Litir chuig an Aire, Ráitis Rialachais, tuarascálacha airgeadais, Ceisteanna Parlaiminteacha, páipéir faisnéise agus an Comhaontú Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

An tAonad Airgeadais

Tá ról riachtanach ag an Aonad Airgeadais i dtacú le cuntasacht, trédhearcacht agus maoirseacht éifeachtach cistí poiblí. In 2025, thionscain an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú cuimsitheach ar fheidhm airgeadais an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil mar chuid de chlár athchóirithe eagraíochta níos ginearálta.

Coimisiúnaíodh an t-athbhreithniú, a chuir na comhairleoirí seachtracha i gcrích, chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na feidhme airgeadais chomh fada is a bhain le córais, próisis, teicneolaíocht agus cumas. Tionscnaíodh an t-athbhreithniú i gcomhthéacs fás leanúnach a bheith ag teacht ar éileamh ar sheirbhísí, tréchur airgeadais atá ag méadú, agus srianta seanbhunaithe acmhainne agus córas a chuir teorainn le cumas na feidhme forbairt a dhéanamh agus ról eile seachas ról idirbheartaíochta den chuid is mó a bheith aige.

I rith 2025, phróiseáil an tAonad Airgeadais íocaíochtaí lenar bhain luach comhiomlán de thart ar €66 milliún a bhain le caiteachas pá agus neamhphá. Tarraingíonn sé seo aird ar scála agus ar chastacht oibriúcháin na feidhme laistigh den acmhainn reatha agus srianta córais.

Cuspóir eile den athbhreithniú ba ea tacú le hullmhacht an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil chun aistriú amach anseo go dtí samhail Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Faisnéis, Cumarsáid, Teicneolaíocht & Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil

Tacaíonn an Stiúrthóir Faisnéise, Cumarsáide, Teicneolaíochta & Cúnaimh Dhlíthiúil Choiriúil leis an eagraíocht chun seirbhísí a chur ar fáil trí bhonneagar digiteach nua-aimseartha, cumarsáid éifeachtach, bainistíocht faisnéise agus sonraí stuama, agus riar na scéimeanna um chúnamh dlíthiúil coiriúil.

Páirteach sa Stiúrthóireacht tá an tAonad Bonneagair & Oibríochtaí TFC, an tAonad um Réitigh Dhigiteacha, an tAonad Cumarsáide, an tAonad Eolais & Faisnéise (lena n-áirítear SF, RGCS, Taighde agus Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh), agus an tAonad um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil. In éineacht lena chéile, tacaíonn na feidhmeanna seo le seachadadh seirbhíse, cuntasacht, trédhearcacht agus feabhsú leanúnach ar fud na heagraíochta.

Nuachóiriú Digiteach agus Bealaí Oibre Nua

Comhthreomhar le Ráiteas Straitéise 2024–2026 na heagraíochta, feidhmíonn an Stiúrthóireacht faoina Straitéis Faisnéise & Cumarsáide 2024–2027 féin a sholáthraíonn creat spriocdhírithe chun nuachóiriú digiteach a sheachadadh, mar aon le cumarsáid agus rialachas faisnéise chun tacú go díreach le cuspóirí uileghabhálacha an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.

Bliain chinniúnach ba ea 2025 in aistriú digiteach an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil tráth ar cuireadh tús leis an aistriú ó bhonneagar deisce oidhreachta go dtí timpeallacht nua-aimseartha a bhí bunaithe ar Microsoft 365. Ag tacú leis seo bhí rolladh amach ríomhairí glúine nua, néalseirbhísí agus rialuithe cibearshlándála feabhsaithe.

Ascnaíodh breis is 100 ball foirne i rith na céime tosaigh, rud a chruthaigh bonnsraith shlán, inscálaithe do rolladh amach ar fud na heagraíochta in 2026. Chun cur leis an athrú bonneagair seo, bunaíodh Foireann um Réitigh Dhigiteacha chun obair a dhéanamh go díreach le réimsí gnó chun próiseas a fheabhsú, díriú ar uathoibriú agus sreafaí oibre digiteacha níos cliste, níos éifeachtúla a fhorbairt. Tacaíodh le torthaí luatha, praiticiúla, lena n-áirítear foláirimh foirne, clár conarthaí lárnach píolótach, uirlisí IS-chuidithe agus tacaíocht do thionscnaimh chomhdaithe dhigitigh na Seirbhíse Cúirteanna.

In 2025, bunaíodh agus ritheadh an chéad bhliain oibríochtaí den Mheitheal TF gan aon deacracht, mar fhoghrúpa den Bhord Reachtúil, rud a threisigh rialachas agus maoirseacht an chlaochlaithe dhigitigh.



Cumarsáid, Rannpháirtíocht Phoiblí agus Infheictheacht Eagraíochta

I rith 2025, sholáthair an tAonad Cumarsáide clár oibre a threisigh rannpháirtíocht sheachtrach agus cumarsáid inmheánach. I measc na bpríomhéachtaí i rith na bliana bhí:



Seoladh an Ionaid Dlí agus Idirghabhála Teaghlaigh i gCaisleán an Bharraigh, le tacaíocht ó ghníomhaíocht chumarsáide chomhordaithe náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear rannpháirtíocht leis an bpreas, cumarsáid le páirtithe leasmhara agus nuashonrú na faisnéise faoi sheirbhísí ar líne, agus tarraingíodh aird ar sheirbhísí comhlonnaithe nua atá ar fáil don phobal.



Imeacht Marquee do Bhaill Foirne an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil (Bealtaine 2025), imeacht rannpháirtíochta inmheánach mór, dhá lá a raibh breis is 250 ball foirne páirteach ann. Thacaigh an t-imeacht le nascacht foirne, roinnt eolais agus rannpháirtíocht cheannaireachta, agus bhí an t-aiseolas a chuir na rannpháirtithe ar fáil an-dearfach.



Foilsiú Nuacht BCD, nuachtlitir inmheánach foirne na heagraíochta, a thacaíonn le cumarsáid inmheánach feabhsaithe, roinnt eolais agus rannpháirtíocht foirne i seirbhísí agus suíomhanna.



Athnuachan agus athfhorbairt shuntasach ar shuíomh gréasáin an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil (legalaidboard.ie), seolta i mí Bealtaine 2025. Ar an suíomh gréasáin athnuaite cuireadh ardán digiteach nuachóirithe, inrochtana agus úsáideoirlárnach ar fáil, lena n-áirítear ollchóiriú ábhair iomlán, comhlíonadh inrochtaineachta WCAG 2.1 AA, nascleanúint feabhsaithe, infheictheacht chuardaigh feabhsaithe agus creat anailísíochta láidir, rud ba chúis le rannpháirtíocht úsáideoirí a mhéadú agus rochtain feabhsaithe ar fhaisnéis seirbhíse.

Treisíodh Rialachas, Comhlíonadh agus Cuntasacht Phoiblí

Athnuadh na beartais chosanta sonraí ar fad, nuachóiríodh agus leabaíodh an creat SF, agus d'fhoilsigh an eagraíocht a céad tacar sonraí ar Thairseach Sonraí Oscailte an Rialtais, rud a chomhlíon caighdeáin foilsithe náisiúnta.

Ag an am céanna, bhunaigh agus thosaigh an tAonad Eolais & Faisnéise ag baint úsáid as Straitéis Taighde agus Creat Taighde foirmiúil, a sholáthair rialachas soiléir, maoirseacht eiticiúil agus próisis struchtúrtha do rannpháirtíocht taighde inmheánach agus sheachtrach. Tacaíonn an obair seo le haidhm níos fadtéarmaí na heagraíochta díriú ar fhorbairt beartais fianaisebhunaithe, pleanáil seirbhíse agus cinnteoireacht.

Cuireann gníomhaíocht chumarsáide le trédhearcacht agus le feasacht phoiblí trí fheachtais náisiúnta, físeáin eolais seirbhíse agus feabhsuithe leanúnacha ar chumarsáid inmheánach.

Trédhearcacht agus Rochtain Phoiblí a Fheabhsú

Leanadh ar aghaidh ag díriú ar chlár oibre na heagraíochta, "Sonraí mar Thiománaí", trí rialachas faisnéise treisithe, comhlíonadh RGCS agus creataí taighde a bhunú. Rinneadh athbhreithniú agus athnuachan ar bheartais RGCS agus cuireadh cúrsaí oiliúna foirne spriocdhírithe ar fáil chun tacú le comhlíonadh agus cuntasacht. D'fhoilsigh an eagraíocht tacair sonraí L ar Thairseach Sonraí Oscailte an Rialtais den chéad uair, rud a chiallaigh go raibh caighdeáin foilseacháin náisiúnta á gcomhlíonadh. Tacaíonn an obair seo le breis oscailteachta, tuiscint phoiblí níos fearr ar sheirbhísí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, agus cinnteoireacht fianaisebhunaithe níos láidre ar fud na heagraíochta.



An tAonad um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil

Ainneoin nach gcuireann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil cúnamh dlíthiúil coiriúil ar fáil go díreach, tá trí scéim um chúnamh dlíthiúil coiriúil neamhreachtúil á riar aige. Scéim Leasaithe um Chomhairle Dlí Stáisiún an Gharda Síochána; Cúnamh Dlíthiúil – Scéim na gCeisteanna Coimeádta, agus An Biúró um Shócmhainní Coiriúla.

- Scéim Leasaithe um Chomhairle Dlí Stáisiún an Gharda Síochána: Tairgtear comhairle dlí do dhaoine atá á gcoinneáil i stáisiúin an Gharda Síochána, lena n-áirítear comhairliúcháin le haturnae agus freastal ar agallaimh.
- Cúnamh Dlíthiúil – Scéim na gCeisteanna Coimeádta (CD-SCC): Cuireadh ionadaíocht dhlíthiúil ar fáil i ndáil le cásanna sonracha Ard-Chúirte, Cúirte Achomhairc agus Cúirte Uachtaraí, nach bhfuil clúdaithe ag cúnamh dlíthiúil caighdeánach, cosúil le hiarratais habeas corpus, athbhreithnithe breithiúnacha áirithe, cásanna eiseachadta agus iarratais ar Bharántas Gabhála Eorpach.
- Scéim an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (BSC): Clúdaítear ionadaíocht dhlíthiúil in imeachtaí a bhfuil baint ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla leo, lena n-áirítear cásanna faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, achomhairc chánach áirithe agus achomhairc leasa shóisialaigh ar páirtí iontu é BSC.

Déanann an tAonad um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil laistigh den Bhord um Chúnamh Dlíthiúil, maoirseacht ar riar na scéimeanna thuasluaite. I measc a fhreagrachtaí tá:

- Iarratais a Phróiseáil: Iarratais ar chúnamh dlíthiúil a mheas agus a fhaomhadh faoi scéimeanna sonracha, agus a chinntiú go gcomhlíonann iarratasóirí na critéir incháilitheachta.
- Íocaíochtaí a Bhainistiú: Déileáil le héilimh ar tháillí ó aturnaetha, abhcóidí agus soláthraithe seirbhíse eile a bhfuil baint acu leis na scéimeanna seo, agus íocaíochtaí tráthúla agus cruinne a chinntiú.
- Treoir a Thabhairt: Treoirlínte agus foirmeacha nóis imeachta a eisiúint do chleachtóirí dlí chun cabhrú leo chun ceanglais scéime a chomhlíonadh.
- Idirchaidreamh le Páirtithe Leasmhara: Comhordú le cúirteanna, gairmithe dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha eile chun oibriú éifeachtach na scéimeanna a chinntiú.

In 2025, reáchtáladh rannpháirtíocht struchtúrtha le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hearnála Ceartais. Thacaigh an obair seo le breis comhsheasmhachta, dearbhaithe agus ullmhachta laistigh de scéimeanna a bhí bunaithe cheana, agus ag an am céanna, cuireadh dlús le pleanáil ullmhúcháin agus le comhoibriú idirghníomhaireachta roimh an athchóiriú agus an fhorbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fhreagrachtaí a bhaineann le cúnamh dlíthiúil coiriúil amach anseo.

Feidhm Iniúchta Inmheánaigh

Soláthraíonn Aonad Iniúchta Inmheánaigh an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil seirbhís iniúchta inmheánaigh neamhspleách agus oibiachtúil de réir na gCaighdeán Iniúchta Inmheánaigh Domhanda. Baineann scóip agus clúdach an Iniúchta Inmheánaigh le gach Stiúrthóireacht, aonad agus gníomhaíocht ábhartha laistigh den eagraíocht. Tuairiscíonn an tAonad don Choiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais, a rinne athbhreithniú ar thuarascálacha iniúchta i rith na bliana agus leagadh béim ar dhéileáil le saincheisteanna córasacha agus ar rialuithe inmheánacha a threisiú. Tarraingíodh aird i dtorthaí iniúchta ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint foirne leanúnach chun tacú le tuiscint nóis imeachta, comhlíonadh agus dea-rialachas.

Forbraíodh Plean Oibre Trí Bliana an Iniúchta Inmheánaigh (2024–2026) le hionchur ón gCoiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais, agus cuirtear san áireamh iniúchtaí a bhaineann le comhlíonadh TFC agus RGCS, mar aon le forbairt ghairmiúil feabhsaithe d'iniúchóirí. Bhí tionchar ag dúshláin foirne ar an sceideal iniúchta i rith 2025, rud ba chúis le hathsceidealú roinnt iniúchtaí pleanáilte a raibh sé beartaithe anois díriú orthu in 2026. Rinne foireann uile an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh cúrsaí oiliúna gairmiúla i rith na bliana mar chuid de ghealltanas an Aonaid maidir le feabhsú leanúnach.

I rith 2025, leag an tAonad Iniúchta Inmheánaigh béim shuntasach ar chumarsáid agus ar rannpháirtíocht le bainistíocht oibriúcháin. Reáchtáladh cruinnithe rialta le hAturnaetha Bainistíochta, Idirghabhálaithe Bainistíochta agus baill foirne shinsearacha seachadta seirbhíse chun plé a dhéanamh ar thorthaí iniúchta, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh nósanna imeachta agus teacht ar chomhaontú maidir le déileáil le réimsí atá le feabhsú. Threisigh an rannpháirtíocht seo ar fad éifeachtacht an phróisis iniúchta trína chinntiú go raibh torthaí á dtuiscint, go raibh rioscaí á meas go cuí agus go raibh bearta ceartaitheacha á gcur chun feidhme ar bhealach tráthúil.

Fianaise ba ea an plé leanúnach idir an tAonad Iniúchta Inmheánaigh agus an fhoireann bainistíochta ar ghealltanas roinnte maidir le feabhsú leanúnach. Le linn dó leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go neamhspleách, sholáthair an tAonad Iniúchta Inmheánaigh léargas agus comhairle maidir le feabhsuithe rialaithe, laigí nóis imeachta agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn, rud a chabhraigh leis an bhfoireann bainistíochta chun socruithe rialachais a threisiú agus chun éifeachtacht oibriúcháin a fheabhsú.



Tá raon oibleagáidí rialachais, tuairiscithe agus comhlíonta ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil.

Oibleagáidí Tuairiscithe

An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021

Bhunaigh An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, an bonn reachtach do thuairisciú faoin mbearna phá idir na hinscní in Éirinn. Tháinig Rialacháin faoin Acht i bhfeidhm ar an 31 Bealtaine 2022. Anois, ceanglaíonn na rialacháin ar eagraíochtaí ina bhfuil breis is 50 fostaí a mbearna phá idir na hinscní a thuairisciú agus a mbearna phá idir na hinscní in aghaidh an uair an chloig a thuairisciú bunaithe ar mhéadracht éagsúil. In 2025, bhí an Bhearna Phá idir na hInscní a thuairiscigh An Bord um Chúnamh Dlíthiúil cothrom le 2.47%. Ciallaíonn sé sin, ar an meán, gur íocadh fir ag ráta 2.47% níos airde ná mná in 2025. Is Státseirbhísigh iad fostaithe an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, agus tá pá comhionann á fháil ag fir agus mná atá ag obair ag na gráid chéanna don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil. Baineann an difríocht sa mheánphá le níos mó fear ná ban a bheith i mbun ról sinsearach sa tréimhse thuairiscithe agus i gcásanna áirithe bhí na fir seo i mbun na ról seo le haghaidh tréimhse níos faide rud a chiallaigh go raibh pointí níos airde ar na scálaí pá sroichte acu.

An Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010

Tá oibleagáidí ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil faoi Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, a chiallaíonn gur "daoine ainmnithe" iad aturnaetha agus go bhfuil seirbhísí dlíthiúla áirithe sainmhínithe mar sheirbhísí atá á rialú ag FSA. Chun déileáil leis an riosca nua chuir Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2010, leis na hoibleagáidí a bhí bunaithe cheana.

Mar gheall ar thimpeallacht oibriúcháin ginearálta an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, tá an leibhéal riosca a bhaineann leis na seirbhísí a chuireann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar fáil réasúnta íseal. Tá Bainisteoir Réigiúnach ag feidhmiú mar Oifigeach um Fhrithsciúradh Airgeadais an Bhoird, agus tá An Bord um Chúnamh Dlíthiúil tiomanta do chúrsaí oiliúna leanúnacha a chur ar fáil do bhaill foirne a bheidh ábhartha don ról a bheidh ag an mball foirne i ndáil le sciúradh airgid a chosc.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí, faoi Alt 22 den Acht, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta faighte sa bhliain roimhe sin agus an gníomh déanta (más cuí). Gach bliain foilsíonn An Bord um Chúnamh Dlíthiúil an tuarascáil seo ar a shuíomh gréasáin.

Ghlac An Bord um Chúnamh Dlíthiúil le tuarascálacha faoin mbeartas ábhartha i ndáil le ceithre nochtadh cosanta i rith na tréimhse tuairiscithe idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2025. Níor éiligh ceann den cheithre thuarascáil imscrúdú agus cuireadh clabhsúr leis gan aon obair leantach a dhéanamh. Rinneadh measúnú ar thuarascáil anaithnid amháin in 2025. Ní dhearna An Bord um Chúnamh Dlíthiúil measúnú ar aon tuarascáil a bhain le sárú féideartha ar dhlí AE mar atá leagtha amach i dTreoir 2019 / 1937 in 2025.

An tAcht um Míchumas, 2005

De réir alt 26(2) d'Acht um Míchumas, 2005, ceanglaítear ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil Oifigeach Rochtana a cheapadh. Feidhmíonn an tOifigeach Rochtana mar phointe teagmhála ainmnithe do dhaoine atá faoi mhíchumas a bhfuil rochtain á lorg acu ar, nó faisnéis maidir le, seirbhísí agus saoráidí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. In 2025, rinne breis is 100 duine aonair teagmháil leis an mBord agus eisíodh freagraí tríd an teileafón agus trí ríomhphost. Tá an tOifigeach Rochtana ar fáil chun cabhrú le fiosrúcháin a fhaightear tríd an dá chainéal agus soláthraíonn sé tacaíocht chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus cinntíonn sé go bhfuil faisnéis agus cúnamh cuí ar fáil nuair is gá. I measc na gcineálacha iarratais cáis ar dhéileáil Oifigeach Rochtana an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil leo bhí an próiseas

iarratais/fiosrúcháin maidir le treoracha/ cúnamh chun teagmháil a dhéanamh leis na hIonaid Dlí thar ceann iarratasóirí, fiosrúcháin a bhaineann le hionadaíocht dhlíthiúil agus fiosrúcháin a bhaineann le rialacha áirithe a bhaineann le cúnamh dlí a chur ar fáil.

Feidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí - Ráiteas Úsáide Fuinnimh

- Chun cinneadh a dhéanamh maidir le haistear an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil i dtreo Astaíochtaí Athraithe Aeráide agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh Athraithe Aeráide 2030, cuireann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil sonraí ar fáil gach bliain do chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ). Ó 2025, tá an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le cur chun feidhme an Chláir um Ghníomhú ar son na hAeráide á rianú freisin trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ).

Scéim na dTeangacha Oifigiúla

Tá An Bord um Chúnamh Dlíthiúil tiomanta dá chuid oibleagáidí ar fad faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021) a chomhlíonadh. Déanann ball den Fhoireann Bainistíochta Shinsearach monatóireacht ar fheidhmíocht agus tuairiscíonn sé nó sí maidir le hoibleagáidí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021).

Chuir An Bord um Chúnamh Dlíthiúil na gníomhartha seo a leanas i gcrích i rith 2025 chun a chinntiú go raibh an tAcht á chomhlíonadh:

- D'fhreastail 16 ball foirne ar chúrsa oiliúna scileanna teileafóin Gaeilge ar líne, chuir 4 bhall foirne Cúrsaí Gaeilge le Gaelchultúr i gcrích, agus rinne 3 bhall foirne an scrúdú TEG.
- Uaslódáladh cúrsa oiliúna físeáin faoi bhunfhrásaí Gaeilge ar ardán One Learning agus seoladh frásaí úsáideacha Gaeilge chuig an bhfoireann ar fad trí ríomhphost.
- Rinneadh agus uaslódáladh tuilleadh físeán maidir le conas iarratas a dhéanamh ar Chúnamh Dlíthiúil ar na meáin shóisialta.

Cuireadh gníomhaíochtaí comhlíonta eile a bhain le hAchtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021) i gcrích freisin.

- Chabhraigh Oibríochtaí Dlíthiúla le hIonaid Dlí a bhog go dtí áitreabh nua le seoladh Gaeilge a roghnú dá suíomhanna gréasáin agus cinn litreach stáiseanóireachta.
- Seoladh ríomhphoist chuig baill foirne go rialta ag insint dóibh faoi imeachtaí inmheánacha Gaeilge agus dáileadh sonraí a bhain le Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí ar an bhfoireann ar fad.

I rith 2025, comhlíonadh na hoibleagáidí nua faoi alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) a cheanglaíonn go mbeadh 20% ar a laghad (10A. (1)(b)) den fhógraíocht ar fad trí Ghaeilge

Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá An Bord un Chúnamh Dlíthiúil airdeallach ar a oibleagáidí faoin reachtaíocht ábhartha chun idirdhealú a dhíothú, tacú le comhionannas deise agus cóireála dá bhaill foirne agus do na daoine a mbíonn sé ag freastal orthu, agus cearta daonna a mball, ball foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Ionas gur féidir tacú leis na spriocanna seo, leanann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar aghaidh leis an tSeirbhís Tacaíochta Dlíthiúla do Mhincéir/ Daoine den Lucht Siúil a chur ar fáil le cabhair ó aturnae agus ó bhall foirne tacaíochta atá ag díriú go sonrach ar sheirbhísí dlíthiúla a chur ar fáil do Dhaoine den Lucht Siúil. Bunaithe go buan in 2022, san áireamh sa tseirbhís seo, laistigh de chreat rialacha caighdeánacha an chúnaimh dhlíthiúil, tá dlíthíocht thar ceann cliant i ndáil le saincheisteanna cóiríochta, iarratais faoi alt 19 d'Acht Deochanna Meisciúla, 2003, agus nithe dlíthiúla eile. Lena chois sin, bunaíonn Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, ar cuireadh tús leis ar an 26 Aibreán 2023, creat dlíthiúil nua do chinnteoireacht chuidithe in Éirinn. Tugann an tAcht seo cumhacht do dhaoine aonair a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu cineálacha áirithe cinntí a dhéanamh. Cuirimid cúnamh dlíthiúil ar fáil dóibh siúd atá ag iarraidh ciall a bhaint as forálacha an Achta seo, agus cinntímid go bhfuil a gcearta agus roghanna á



Athnuadh na beartais chosanta sonraí ar fad, nuachóiríodh agus leabaíodh an creat SF, agus d'fhoilsigh an eagraíocht a céad tacar sonraí ar Thairseach Sonraí Oscailte an Rialtais, rud a chomhlíon caighdeáin foilsithe náisiúnta.

n-urramú agus go bhfuiltear ag seasamh leo. Tríd an tseirbhís seo, tá tacaíocht do dhaoine aonair leochaileacha á feabhsú againn, tá neamhspleáchas á chur chun cinn agus tá cearta dlíthiúla daoine a dteastaíonn cúnamh cinnteoireachta uathu á gcosaint.

Tá an Dualgas Earnála Poiblí chomh hábhartha céanna le heispéireas bhaill foirne an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Ar aon dul le luachanna eagraíochta, in éineacht le gealltanas maidir le timpeallacht a chruthú ina bhfuiltear ag tacú le rannpháirtíocht dhearfach, mar aon le cumarsáid oscailte agus ionraic, tá tuairimí éagsúla á gcur san áireamh fad is atá iarracht á déanamh a chinntiú go bhfuil ionchuimsitheacht mar bhonn lenár gcuid oibre ar fad.

Tá dhá Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ceaptha ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil a thacaíonn leis an mbeirt chomhghleacaithe nua agus le riachtanais nua ball foirne fadtéarmach, trí chabhrú leo páirt iomlán a ghlacadh san áit oibre. In 2025, ceadaíodh roinnt iarratas ar Chóiríocht Réasúnach san Áit Oibre ar aon dul leis na hAchtanna um Chomhionannas. Bhí an céatadán ball foirne a thug le fios go raibh míchumas orthu cothrom le 5.7% in 2024 agus bhí an figiúr seo méadaithe go dtí 11.9% in 2025. Tá seans ann, áfach, go mbaineann an méadú seo leis an sainmhíniú ar an rud is míchumas ann a bheith níos ginearálta agus le suirbhé a rinneadh le déanaí chun cabhrú le tuiscint comhghleacaithe.

Tacaíonn Aonad Acmhainní Daonna an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil le hiarratasóirí i gcomórtais earcaíochta trí chóiríocht réasúnach a chur ar fáil chun rannpháirtíocht iomlán agus chothrom a chinntiú, agus fad is atá iomaíocht ar dheiseanna á déanamh ag iarrthóirí inmheánacha agus seachtracha. Leantar leis na hiarrachtaí seo trí thacú le comhghleacaithe nua agus leo siúd a shealbhaíonn míchumas i rith a dtréimhse fostaíochta leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil trí chóiríocht réasúnach a chur ar fáil chun a chinntiú go gcuireann siad tús le agus go leanann siad ar aghaidh lena n-aistear laistigh den Bhord um Chúnamh Dlíthiúil.

Mar chuid de ghealltanas an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, d'éascaigh an tAonad Foghlama agus Forbartha roinnt imeachtaí oiliúna Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (CÉI) i rith 2025. I measc na bpríomhsheisiún bhí Dlí Néara-éagsúlachta maidir le Cóiríocht Réasúnta, cúrsaí oiliúna don Aonad Mincéir maidir le Cearta Daoine den Lucht Siúil, cúrsaí oiliúna Cumais, Míchumais agus Cóiríochta Réasúnta, Tacú le Néara-éagsúlacht san Áit Oibre, seimineár maidir le Dínit san Áit Oibre, agus Ceannaireacht Bharántúil agus Ionchuimsitheach. Cuireann na tionscnaimh seo le feasacht foirne agus le scileanna praiticiúla chun tacú le néara-éagsúlacht, míchumas dofheicthe agus cearta cultúrtha, agus ag an am céanna, cothaítear ceannaireacht ionchuimsitheach agus cleachtais frith-idirdhealaithe chun tacú le comhionannas deiseanna agus chun cearta daonna ball foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

An tSeirbhís um Chúnamh Dlíthiúil

Soláthraíonn Oibríochtaí Sibhialta, atá freagrach as seirbhísí a chur ar fáil do chliaint an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, tacar bileog eolais i dteanga shimplí, mar aon le hábhair i mBéarla simplí atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Tá na bileoga seo ar fáil i ngach ionad dlí ar fud na tíre do chliaint agus do pháirtithe leasmhara eile, agus tá siad ar fáil i roinnt teangacha éagsúla freisin. Déantar athbhreithniú rialta orthu agus nuashonraítear iad nuair is gá.

Scríobhtar an comhfhreagras ar fad idir Ionaid Dlí agus cliaint i mBéarla simplí, agus ní bhaintear úsáid as téarmaíocht theicniúil nó oifigiúil ach amháin nuair is gá. Ainneoin nach féidir téarmaíocht dhlíthiúil áirithe a sheachaint i dtimpeallacht dhlíthiúil, laghdaítear an úsáid a bhaintear as a leithéid agus mínítear é nuair is féidir.

Mar chuid dá ghealltanas leanúnach do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, tá An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ag leanúint ar aghaidh le seirbhísí dlíthiúla a chur ar fáil tríd an tSeirbhís Tacaíochta Dlíthiúla do Mhincéir/Daoine den Lucht Siúil. Tá forbairt déanta ar an tseirbhís seo agus tá tacaíocht dhlíthiúil shaincheaptha á cur ar fáil do phobal an Lucht Siúil, mar aon le seirbhísí tiomnaithe i réimse na Cinnteoireachta Cúnta, a thacaíonn le neamhspleáchas agus le féinchinntiúchán. Lena chois sin, ghlac An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

páirt san fheachtas a bhain le Cinnteoireacht Chúnta, Do Ghuth, Do Rogha.

Táimid ag leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh air agus le cuir chuige eagraíochta a oiriúnú chun comhlíonadh a chinntiú, go dlíthiúil agus go morálta, i dtimpeallacht ina bhfuil reachtaíocht agus treoir a bhaineann le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ag athrú.

Tacaíonn an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis, Cumarsáid, Teicneolaíocht & Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil le agus comhordaíonn sí comhlíonadh raon oibleagáidí tuairiscithe reachtúla agus rialachais, lena n-áirítear:

- Saoráil Faisnéise (SF) faoi Acht SF, 2014
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)
- Oibleagáidí Sonraí Oscailte agus rialachais faisnéise níos ginearálta

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Tugann Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC), 2007-2018, an ceart don phobal chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá á sealbhú ag, nó thar ceann, Údaráis Phoiblí.

Níor cuireadh aon iarratas a bhain le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol faoi bhráid an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil in 2025.

Alt 15 d'Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015

Tá aird ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, fad is atá a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, ar alt 15. (1) (d) den Acht a bhfuil sé mar aidhm leis astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú agus dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide sa Stát. I rith 2025, lean An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar aghaidh ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí (ONP) tríd an bhfeachtas Cumhacht a Bharrfheabhsú @ Obair chun díriú ar fheachtais feasachta foirne, athrú iompair agus tionscadail mionoibreacha a mbíonn coigilt ar úsáid fuinnimh dá mbarr mar aon le laghdú gaolmhar ar astaíochtaí carbóin.

Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí

Faoin mbliain 2025, d'éirigh leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil laghdú 38.1% a bhaint amach chomh fada is a bhain le hídiú fuinnimh, i gcomparáid le bonnlíne 2009. Cuirtear tuairisceáin faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) gach bliain. Táimid ag súil go leanfaidh na figiúirí bliantúla in 2026 an patrún a tugadh faoi deara in 2025 ionas gur féidir na spriocanna eagraíochta a chomhlíonadh in 2030 de réir Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. I dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil leagtar amach plean ionas gur féidir leis an eagraíocht a spriocanna a chomhlíonadh - laghdú 50% ar astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT), agus feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh ó 33% go dtí 50% faoin mbliain 2030, mar atá mínithe i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 an Rialtais. Tá eolas maidir le cur chun feidhme an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí le fáil sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide. Chomh fada is a bhaineann le Ciorclán 1/2020, taifeadann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil astaíochtaí carbóin a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil. Tuairiscítear na hastaíochtaí seo de réir cheanglais na Státseirbhíse, agus cuirtear luach carbóin i bhfeidhm ar an ráta cánach carbóin náisiúnta atá sonraithe ag leibhéal lárnach.

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird 40

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Ábhar

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL BHAILL AN BHOIRD

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Baill an Bhoird

Nuala Egan, Cathaoirleach

Maurice Lawlor

Niamh O'Hanlon

Gordon Jeyes

Freda McKittrick

Catherine Keane

Tracy O'Keeffe

Michael Patrick Bourke

Patrick Durcan *D'éirigh as a chúraimí ar an 19 Lúnasa 2025

Catherine Ryan *D'éirigh as a chúraimí ar an 18 Iúil 2025

Liam Ryan

Jane McGowan

Maeve Brett

Sara Kearney **Ceapaí Nua ar an 3 Deireadh Fómhair 2025

Donnchadh Woulfe **Ceapaí Nua ar an 3 Deireadh Fómhair 2025

Príomhfheidhmeannach

Joan Crawford

Seoladh na hoifige

Sráid an Chalaidh

Cathair Saidhbhín

Co. Chiarraí

V23 RD36

Baincéirí

AIB

24 An Phríomhshráid

Cathair Saidhbhín

Co. Chiarraí

V23 YN90

Aturnaetha

Holmes O'Malley Sexton

Geata an Easpaig

Sráid Anraí

Luimneach

V94 K5R6

Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 PF7

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL BHAILL AN BHOIRD

Rialachas

Bunaíodh An Bord um Chúnamh Dlíthiúil (an "Bord") faoi Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 (arna leasú) (an "tAcht"). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 5 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Cuireann sé an cúram seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus cinntí straitéiseacha maidir le gach príomhcheist ghnó a dhéanamh. Tá an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach freagrach as bainistíocht, rialú agus treo laethúil an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Ní mór don Príomhoifigeach agus don Fhoireann Bainistíochta Shinsearach cloí leis an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an mBord agus ní mór a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball Boird ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a bheith ann.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 5 d'Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 (arna leasú) (an "tAcht"), agus tá a fhreagrachtaí leagtha amach i Lámhleabhar Rialachais an Bhoird, mar seo a leanas:

- Treo straitéiseach na heagraíochta;
- Cinneadh a dhéanamh maidir le beartas agus monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme;
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht chuí agus éifeachtach na heagraíochta;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme nósanna imeachta airgeadais éifeachtacha agus cuntasacht a sholáthar;
- Buiséid a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu; agus
- Cinntí forchoimeádta áirithe a dhéanamh.

Ceanglaíonn Alt 20 den Acht ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar acmhainní an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a choinneáil i gcibé foirm a bheidh faofa ag an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Nuair a bheidh na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an gnó ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- A shonrú cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú i ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn aon tráth, staid airgeadais an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil Alt 20 den Acht á chomhlíonadh ag na ráitis airgeadais. Is faoi fhreagracht an Bhoird atá cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad soláthair bhliantúil a fhaomhadh. Ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 29 Eanáir 2025, rinne An Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais athbhreithniú ar bhuiséad 2025 agus moladh go mbeadh sé á fhaomhadh ag an mBord. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil trí thagairt do phlean bliantúil agus buiséad 2024 ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Feabhra, ar an 27 Feabhra 2025.

Ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 27 Feabhra 2025, phléigh an Bord buiséad 2025 go mion. Sa Ráiteas Straitéise clúdaítear an tréimhse 2024-2026 agus cuirfear tús le Straitéis nua don tréimhse idir 2027-2029 go luath. I gcomhthéacs chuspóirí an Ráitis Straitéise sin, dhréachtaigh an feidhmeannas tacar bliantúil de thosaíochtaí eagraíochta atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha na straitéise athbhreithnithe. Cuireadh na tosaíochtaí bliantúla faoi bhráid an Bhoird chun críche athbhreithnithe ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 27 Feabhra 2025.

Rinneadh an Bord athbhreithniú ar na tuarascálacha airgeadais míosúla i rith 2025. Bhí eolas mionsonraithe maidir le caiteachas iarbhír le fáil sna tuarascálacha seo i gcomparáid leis an mbuiséad míosúil próifílithe. In 2025, cuireadh tuarascálacha cuimsitheacha faoi bhráid an Bhoird i mí Iúil, Dheireadh Fómhair agus na Samhna, inar scrúdaíodh caiteachas na bliana go dáta i gcomparáid leis na figiúirí buiséadaithe bliantúla agus figiúirí an toraidh réamh-mheasta go dtí deireadh na bliana. Rinneadh athbhreithniú lárbhliana ar thoradh iarbhír 2025 i gcomparáid leis an mbuiséad i gcomhair 2025 ag an gcruinniú Boird a reáchtáladh ar an 24 Iúil 2025.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a chosaint agus, dá réir sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Bord den tuairim go dtugtar léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil ag an 31 Nollaig 2025 i ráitis airgeadais an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.

Struchtúr an Bhoird

Foráiltear san Acht do cheapadh cathaoirligh agus 12 ghnáthbhall Boird. Ba é an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a cheap an Bord reatha.

Tá sonraí le fáil sa tábla thíos faoi thréimhse cheapacháin na mball boird atá ag éirí as a gcúraimí agus atá ag feidhmiú faoi láthair a bhí i mbun cúraimí i rith 2025:

Ainm	Dáta an chéad Cheapacháin	Dáta an athcheapacháin	Dáta Éaga an téarma	Bunús an Cheapacháin
Baill a bhí incháilithe lena n-athcheapadh (a ceapadh trí chomórtas oscailte agus sa chás go bhfuil an tAire freagrach as an rogha deiridh):				
Liam Ryan	01/11/2021	n/b	31/10/2026	Ceaptha trí chomórtas oscailte Aturnae i gCleachtas, tá Alt 4(3)(b)(ii) d'Acht 1995 á chomhlíonadh
Michael Bourke	01/11/2021	n/b	31/10/2026	Ceaptha trí chomórtas oscailte Aturnae roimhe seo, tá Alt 4(3)(a) d'Acht 1995 á chomhlíonadh
Jane McGowan	03/10/2024	n/b	31/10/2026	Ceaptha trí chomórtas oscailte Abhcóide i gCleachtas, tá Alt 4(3)(b)(i) d'Acht 1995 á chomhlíonadh
Donnchadh Woulfe	03/10/2025	n/b	31/10/2026	Ceaptha trí chomórtas oscailte Abhcóide i gCleachtas, tá Alt 4(3)(b)(i) d'Acht 1995 á chomhlíonadh

Ainm	Dáta an chéad Cheapacháin	Dáta an athcheapacháin	Dáta Éaga an téarma	Bunús an Cheapacháin
Baill a bhí incháilithe lena n-athcheapadh (a ceapadh i ndiaidh próisis ainmniúcháin):				
Niamh O'Hanlon	01/11/2021	n/b	31/10/2026	Ionadaí Foirne an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, tá Alt 4(3)(b)(iii) d'Acht 1995 á chomhlíonadh
Maeve Brett	08/03/2024	n/b	31/10/2026	Ionadaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
Sara Kearney	03/10/2025	n/b	31/10/2026	Ionadaí Foirne an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, tá Alt 4(3)(b)(iii) d'Acht 1995 á chomhlíonadh
Baill, a chuir dhá théarma i gcrích, nach bhfuil incháilithe lena n-athcheapadh:				
Nuala Egan BL Cathaoirleach)	21/02/2017	01/11/2021 Ceaptha mar chathaoirleach 04/01/2024	31/10/2026	Ceaptha trí chomórtas oscailte Abhcóide i gCleachtas, tá Alt 4(3)(b)(i) d'Acht 1995 á chomhlíonadh
Freda McKittrick	01/11/2016	01/11/2021	31/10/2026	Ceapachán trí chomórtas oscailte, tá Alt 4(3)(a) d'Acht 1995 á chomhlíonadh
Gordon Jeyes	01/11/2016	01/11/2021	31/10/2026	Ceapachán trí chomórtas oscailte, tá Alt 4(3)(a) d'Acht 1995 á chomhlíonadh
Catherine Keane	09/06/2020	01/11/2021	31/10/2026	Ceaptha trí chomórtas oscailte Aturnae i gCleachtas, tá Alt 4(3)(b)(ii) d'Acht 1995 á chomhlíonadh
Maurice Lawlor	01/11/2016	01/11/2021	31/10/2026	Ionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí
Tracy O'Keeffe	01/08/2021	01/11/2021	31/10/2026	Ionadaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Struchtúr an Choiste

Ag tús 2025, bhí cúig choiste ag an mBord a bhí ag tacú le hobair an Bhoird, eadhon:

An Coiste Achomhairc

Breithníonn An Coiste Achomhairc seo iarratais ó iarratasóirí ar chúnamh dlíthiúil a bhaineann le cinntí déanta ag an bhfeidhmeannas i gcás ar leith atá le haisiompú. Tá An Coiste Achomhairc faoi chathaoirleacht Liam Ryan agus bhuail na baill le chéile 16 huair in 2025

An Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh a bhaineann le dea-rialachas airgeadais, tuairisciú airgeadais, bainistíocht riosca agus córais rialaithe.

Tá An Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais faoi chathaoirleacht Gordon Jeyes. Tionóladh An Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais 8 n-uair ar fad in 2025 agus 7 n-uair in 2024.

An Coiste TF

Ar an 29 Eanáir 2025, d'fhaomh an Coiste a Théarmaí Tagartha a cuireadh i láthair ina dhiaidh sin ag cruinniú den Bhord Reachtúil a reáchtáladh ar an 30 Eanáir 2025. Bhí Freda McKittrick i mbun Cathaoirleachta i rith 2025. Reáchtáil an Coiste TF cúig chruinniú ar fad i rith 2025.

Is Coiste de chuid an Bhoird é an Coiste TF a dhéanann breithniú ar cheisteanna ginearálta TF de chuid an Bhoird agus ar chur chun feidhme na ngnéithe TF den Straitéis Faisnéise agus Cumarsáide (SFC) a chomhaontaigh an Bord ar an 22 Feabhra 2024.

Breithneoidh an Coiste TF cur chun feidhme an chláir chlaochlaithe TF. Tá scóip leathan ag an gcoiste chun breithniú a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe ar mhodhanna oibre gach réimse den Bhord. Ó am go ham, díreoidh an coiste ar amlínte seachadta agus athbhreithnithe agus gheobhaidh siad nuashonruithe maidir le seachadadh gach céim den chlár agus maidir le spriocanna na gcéad chéimeanna eile agus aon bhacainn ar dhul chun cinn.

An Coiste Feidhmíochta

Bunaíodh An Coiste Feidhmíochta chun breithniú a dhéanamh ar chuspóirí an Phríomhfheidhmeannaigh agus ar an tslí a bhfuil na cuspóirí sin comhlíonta. Tá cathaoirleacht á déanamh ag Gordon Jeyes ar an gCoiste Feidhmíochta agus bhuail baill an choiste le chéile trí huaire in 2025 agus ceithre huaire in 2024.

An Coiste Straitéise

Is é ról an Choiste Straitéise tacú le hobair an Bhoird i ndáil le:

- Maoirseacht ar chur chun feidhme Ráiteas Straitéise 2024 – 2026,
- Tacú le Straitéis nua 2027-2029,
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí eagraíochta an Bhoird,
- Breithniú a dhéanamh ar aon réimse athchóirithe ábhartha lena n-áirítear réimsí oibre nua agus tionscnaimh bheartais nó reachtaíocht mholta a bhféadfadh impleachtaí a bheith aici ar obair an Bhoird.

Tuairisceoidh an Coiste agus cuirfidh sé moltaí faoi bhráid an Bhoird de réir mar is cuí. Bhí An Coiste Straitéise faoi chathaoirleacht Catherine Ryan go dtí Meitheamh 2025 agus tháinig Jane McGowan ina háit i mí Iúil 2025. Eagraíodh ceithre chruinniú in 2025 agus dhá chruinniú in 2024.

Príomhathruithe Pearsanra i Rith 2025

- Ceapadh Tomás Keane mar Stiúrthóir - Faisnéis, Cumarsáid, Teicneolaíocht & Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil ar an 12 Bealtaine 2025.
- Ceapadh Adrienne Doherty mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna ar an 1 Nollaig 2025.

Nithe forchoimeádta go sonrach don Bhord

Chun an ceanglas atá sonraithe sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh, tá sceideal foirmiúil nithe forchoimeádta go sonrach ag an mBord chun cinneadh a dhéanamh maidir leo chun a chinntiú go bhfuil smacht aige ar threo agus ar rialú an chomhlachta. I gcás an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, is iad seo a leanas na nithe atá forchoimeádta go sonrach:

- Fáil, diúscairt agus scor suntasach sócmhainní. Ní mór don Bhord fálacha, diúscairtí agus scor sócmhainní a bhfuil luach measta cothrom le nó os cionn leibhéal tairsí de €65,000 luaite leo a fhaomhadh; Tá fógra le tabhairt don Bhord faoi aon fháil/diúscairt/scor sócmhainní lena mbaineann luach atá cothrom le nó os cionn €10,000;
- Ní féidir páirt a ghlacadh in aon chonradh lena mbaineann luach os cionn €65,000, go díreach nó trí íostarraingt, gan faomhadh a fháil roimh ré ón mBord. Tá fógra le tabhairt don Choiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais, maidir le bronnadh conarthaí lena mbaineann luach os cionn €10,000;
- Téarmaí conarthaí móra a fhaomhadh;
- Dearbhuithe comhlíonta i ndáil le ceanglais reachtúla agus riaracháin a bhaineann le faomhadh an cheapacháin, líon, grádú agus coinníollacha na mball foirne ar fad, luach saothair agus aoisliúntas san áireamh;
- Faomhadh an Bhuiséid Bhliantúil;
- Faomhadh Phleananna Corparáideacha an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a ullmhaítear gach 3 bliana;
- Faomhadh na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais comhsheasmhach le hoibleagáidí an Bhoird faoi Acht 1995;
- Moltaí a cuireadh faoi bhráid an Aire chun reachtaíocht a leasú a fhaomhadh;
- Doiciméid bheartais an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a fhaomhadh a bhfuil sé beartaithe iad a fhoilsiú nó a scaipeadh;
- Freagracht as córais airgeadais inmheánacha agus rialuithe eile;
- Leibhéil údaráis tarmligthe agus beartais bhainistíochta riosca;
- Ceapadh, luach saothair agus measúnú feidhmíochta agus pleanála comharbais don Phríomhfheidhmeannach; agus
- Leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na mball foirne (a éilíonn faomhadh ón Aire).

Foráiltear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur cheart don Bhord bualadh le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad gan baill an Bhoird feidhmiúcháin nó an fhoireann bainistíochta chun plé a dhéanamh ar aon cheist a mheastar atá ábhartha.

Chomh fada is a bhaineann leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, sonraítear in Alt 4 (6) den Acht, go reáchtálfaidh an Bord cruinnithe den chineál sin de réir mar is gá chun tacú leis chun a fheidhmeanna a fheidhmiú.

Tarmligean don Fhoireann Bainistíochta

Faoi fhorálacha Alt 10(2) d'Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, féadfaidh an Bord feidhmeanna áirithe a shannadh don Phríomhfheidhmeannach. Tá an Bord i ndiaidh freagracht as bainistíocht laethúil na seirbhíse um chúnamh dlíthiúil agus comhairle a shannadh go foirmiúil don Phríomhfheidhmeannach, faoi réir fhorálacha Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, agus aon Rialachán a dhéantar faoin Acht.

Go sonrach, tá na feidhmeanna seo a leanas sannta ag an mBord don Phríomhfheidhmeannach:

- Tuairisciú do agus comhairle a chur ar an mBord faoi oibriú na seirbhíse um chúnamh dlíthiúil agus comhairle;
- A chinntiú go bhfuil an tseirbhís um chúnamh dlíthiúil agus comhairle á riar ar an mbealach is éifeachtaí agus is costéifeachtúla;
- Cinnteoireacht a bhaineann le cúnamh agus comhairle dlí a chur ar fáil i gcásanna aonair;
- Bainistíocht a dhéanamh ar scaipeadh, chun tairbhe na ndaoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh, eolais a bhaineann leis na seirbhísí sin agus a n-infhaighteacht;
- Ainmniú aturnaetha agus abhcóidí chun críche cúnaimh agus comhairle dlí a chur ar fáil do dhuine nó duine a atreorú chuig painéal na n-aturnaetha de réir mar is cuí;
- Idirchaidreamh idir an Bord agus leasanna ábhartha lena n-áirítear cliaint agus an pobal go ginearálta;
- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na n-ionad dlí agus a mball foirne;
- Ardchaighdeán cumarsáide a chinntiú leis an mBord, ionaid dlí agus baill foirne;
- Faoi réir aon treorach beartais de chuid an Aire agus / nó an Bhoird, forbairt beartais agus foirmliú agus cur chun feidhme straitéisí oiriúnacha;
- Bainistiú acmhainní an Bhoird, acmhainní fisiciúla san áireamh;
- Bainistiú ábhar acmhainní daonna; agus
- Bainistíocht airgeadais, lena n-áirítear cuntais agus taifid chuí a choimeád de réir mar a fhoráiltear do in Alt 20 d'Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.

Chomh maith leis sin, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach, le toiliú an Bhoird, a shonrú go mbeadh aon cheann de na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh ag ball boird. Leagtar amach i rúin an Bhoird na cinntí atá déanta ag an mBord i ndáil leis na hábhair seo. Tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach do Choiste um Cuntais Phoiblí an Oireachtais. Is amhlaidh atá ar an mbonn go bhfuil ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit á n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus á gcur faoi bhráid an Oireachtais de réir reachtaíocht rialaithe an chomhlachta Stáit.

Sceideal Tinrimh

Reáchtáladh 11 chruinniú Boird in 2025. Reáchtáladh na cruinnithe trí fhíschomhdháil agus deiseanna a thabhairt do dhaoine a bheith ar an láthair. Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird, táillí agus costais íoctha i gcomhair 2025 le fáil thíos:

	Bord	Coistí an Bhoird					Táillí €	Costais €
		An Coiste Achomhairc	An Coiste TF	An Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais	An Coiste Feidhmíochta	An Coiste Straitéise		
Líon na gcruinnithe:	11	16	5	8	3	4		
Baill an Bhoird								
Nuala Egan	11	-	-	6	3	-	11,970	419
Catherine Keane	9	1	3	-	3	-	7,695	203
Gordon Jeyes	9	-	-	8	3	-	7,695	68
Maurice Lawlor	11	14	-	-	-	-	-	2,070
Freda McKittrick	8	13	5	-	-	-	7,695	-
Tracy O'Keeffe	9	-	-	2	-	3	-	-
Michael Patrick Bourke	11	15	-	-	3	-	4,609	-
Patrick Durcan*	4	9	-	1	-	-	4,871	1,223
Niamh O'Hanlon	8	-	5	-	-	4	-	-
Catherine Ryan*	6	1	-	-	-	2	-	1,101
Liam Ryan	9	15	-	-	-	2	7,695	430
Jane McGowan	10	12	-	-	-	4	7,695	-
Maeve Brett	9	-	-	6	-	-	-	-
Sara Kearney*	3	1	-	-	-	-	-	-
Donnchadh Woulfe*	2	-	-	-	-	-	1,924	-
Michael Flynn Seachtrach**	-	-	-	8	-	-	-	-
Keith Moran Seachtrach**	-	-	5	-	-	-	-	
Iomlán							**61,849**	**5,514**

Is seirbhísigh phoiblí iad Maurice Lawlor, Tracy O'Keeffe, Niamh O'Hanlon, Catherine Ryan agus Maeve Brett agus Sara Kearney, agus ní bhfuair sí Táille Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.
*D'éirigh Patrick Durkan agus Catherine Ryan as a gcúraimí in 2025 agus ceapadh Sara Kearney agus Donnchadh Woulfe ina n-áit
**Is ball seachtrach den Choiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais é Michael Flynn ar cuireadh táille €3,078 ar fáil dó. Is ball seachtrach den Choiste TF é Keith Moran agus fuair sé táille €1,197. Tá na costais seo san áireamh sna costais Sainchomhairleoireachta.

Nochtuithe arna gCeangal ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh de réir an Chóid:

Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Tá eolas maidir le sochair ghearrthéarmacha fostaithe sa bhreis ar €60,000 taispeánta i nóta 6(b) a ghabhann le ráitis airgeadais 2025.

Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad seo a leanas príomhphearsanra bainistíochta an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil:

- An Príomhfheidhmeannach,
- An Stiúrthóir Cinnteoireachta agus Seirbhísí Seachtracha (Sibhialta),
- An Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Foghlama agus Forbartha,
- An Stiúrthóir Faisnéise, Cumarsáide, Teicneolaíochta agus Cúnaimh Dhlíthiúil Shibhialta. (Ar an 12 Bealtaine 2025, aistríodh Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil ón Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha go dtí An Stiúrthóir Faisnéise, Cumarsáide agus Teicneolaíochta)
- Stiúrthóir na hIdirghabhála Teaghlaigh,
- An Stiúrthóir agus Bainisteoirí Réigiúnacha an tSeachadta Seirbhíse Inmheánaí (Sibhialta), agus
- An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

In 2025 bhí luach iomlán na sochar fostaí gearrthéarmach do phríomhphearsanra bainistíochta cothrom le €972,004. (2024: €1,007,803.) Is baill iad na príomhphearsanra bainistíochta de scéim sochair shainithe neamh-mhaoinithe na hearnála poiblí, agus ní théann a dteidlíochtaí pinsin thar ghnáth-theidlíochtaí a leithéid sin de scéimeanna.

Costais Chomhairliúcháin

Bliain	2025 €	2024 €
Comhairle dlí – Réadmhaoin	732,300	674,927
Acmhainní daonna agus teicneolaíocht faisnéise	477,599	22,140
Feabhsú gnó	92,689	114,263
	1,302,588	811,330

Costais agus socraíochtaí dlí

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar mhéideanna aitheanta mar chaiteachas/(ioncam) sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le socraíochtaí nó breithiúnais i gcaingne dlí in aghaidh an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, agus ar na táillí dlí a bhaineann leis na gníomhartha seo. Tá An Bord um Chúnamh Dlíthiúil féinárachaithe i ndáil hábhair a bhaineann le Dliteanas Poiblí/Dliteanas Fostóra. Tá creidmheas luach €22,420 (2024: creidmheas €307,240) curtha san áireamh i ndliteanais Dlíthíochta in 2025 i gcomhair dliteanais phoiblí. Tá an creidmheas sin curtha san áireamh ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil faoi Nóta 11 Riarachán Ginearálta: Árachas.

Ní chuirtear san áireamh táillí dlí tabhaithe ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil thar ceann a chliant i ngnáthchúrsa gnó, nó comhairle dlí ghinearálta maidir le hábhair eile faighte ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, atá á nochtadh sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

Bliain	2025 €	2024 €
Dliteanais dlíthíochta (tá dliteanas poiblí san áireamh)	32,875	(402,935)
Táillí Dlí – Imeachtaí dlí	62,117	(7,939)
	94,992	(410,874)

Caiteachas ar thaisteal agus cothú

Bliain	2025 €	2024 €
Baile		
- Bord*	15,856	16,312
- Fostaithe	636,129	483,167
Idirnáisiúnta		
- Bord	-	-
- Fostaithe	3,477	894
	655,462	500,373

*San áireamh tá taisteal agus cothú luach €5,514 íoctha go díreach le baill an Bhoird in 2025 (2024: €5,172). Baineann an t-iarmhéid luach €10,342 (2024: €11,140) le caiteachas íoctha ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil thar cheann bhaill an Bhoird.

Caiteachas fáilteachais

Thabhaigh An Bord um Chúnamh Dlíthiúil caiteachas luach €13,310 (2024: €7,998) i rith 2025, agus as sin, tabhaíodh thart ar €533 (2024: €2,208) d'fháilteachas seachtrach curtha ar fáil. Bhain an t-iarmhéid luach €12,777 (2024: €5,790) le caiteachas tabhaithe faoin gclár tacaíochta agus folláine foirne.

Bainistíocht Riosca

Tá córas bainistíochta riosca bunaithe ag an mbord de réir chaighdeáin ISO. Is doiciméad beo é an Clár Rioscaí Corparáideacha a nglactar leis mar mhír rialta ar chláir oibre na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Cruinnithe Boird. Déantar athbhreithniú agus bainistiú rialta ar phríomhrioscaí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. I measc na bpríomhrioscaí tá Íoc Pras, Tuairisiciú Airgeadais agus riosca Sláinte agus Sábháilteachta a bhaineann le foréigean agus ionsaí san áit oibre.

Tá tacar cuimsitheach rialuithe inmheánacha ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil ina réimsí feidhme ar fad. Déanann An Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais athbhreithniú orthu seo gach bliain. Tá clár tuairiscithe rialta don Bhord Reachtúil maidir le forbairtí a bhaineann le riosca, lena n-áirítear Clár Rioscaí agus Tuarascáil Réadaithe Riosca bunaithe.

Athbhreithniú Seachtrach ar an mBord

Mar atá mínithe sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), tá oibleagáid ar an mBord féinmheasúnú bliantúil ar a fheidhmíocht a dhéanamh. Tionscnaíodh Athbhreithniú Feidhmíochta Bliantúil an Bhoird i gcomhair 2025 i mí Iúil 2026 agus bhí sé dírithe ar bhaill uile an Bhoird. Cuireadh an tuarascáil deiridh a bhain leis an athbhreithniú seo i gcrích i mí Mheán Fómhair 2026. Cuireadh athbhreithniú seachtrach ar an mBord i gcrích, agus cuireadh na torthaí i láthair ag cruinniú Boird a reáchtáladh i mí an Mhárta 2026.

Cód Caiteachais Phoiblí

Déanann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil iarracht an luach is fearr agus is féidir a fháil chomh fada is a bhaineann lena chaiteachas ar fad. Is é a phríomhréimse de chaiteachas neamhphá an t-atreorú de chásanna cliant chuig cleachtóirí dlí príobháideacha. Tá na rátaí táillí a bhaineann le hatreoruithe den chineál sin leagtha amach ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil sna téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le painéil na gcleachtóirí dlí príobháideacha.

I soláthairtí eile, feidhmíonn An Bord um Chúnamh Dlíthiúil faoi Threoirlínte Soláthair Phoiblí agus baineann sé úsáid as socruithe ceannaigh lárnacha na hOifige um Sholáthair Rialtais nuair is féidir.

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta bunaithe chun a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil in 2025.



Nuala Egan
Cathaoirleach

Dáta:25/9/2026



Joan Crawford
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 25/09/2026

Aguisín A: Dlús a Chur le Ráiteas Straitéise 2024-2026 in 2025

Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar an dul chun cinn a rinneadh in 2025 chun dlús a chur le Ráiteas Straitéise 2024-2026 an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Tá sé eagraithe de réir an téama straitéisigh agus tá uimhreacha taobh leis na gníomhartha straitéiseacha.

1 Cáilíocht Seirbhíse

Tag	Cuspóir straitéiseach	Stádas ag deireadh 2025	Dul chun cinn ag deireadh 2025
1.a	Timpeallacht a chruthú atá oiriúnach do chliaint agus inrochtana agus, más cuí, oiriúnach do leanaí.	Idir lámha	I rith 2025, lean an Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar aghaidh le clár suntasach de thionscnaimh réadmhaoine, chóiríochta agus bainistíochta saoráidí a raibh sé mar aidhm leo a eastát a chothú agus a nuachóiriú agus tacú le seachadadh seirbhíse éifeachtach. Rinneadh dul chun cinn suntasach chomh fada is a bhain le roinnt tionscadal caipitil, lena n-áirítear oibreacha athchóirithe a chur i gcrích i mBarr an Chalaidh, Gaillimh, dul chun cinn suntasach i ndáil le tionscadal athfhorbartha Mhargadh na Feirme, agus cuireadh tús le hoibreacha tógála i bhFoirgneamh a hOcht, agus cloíodh leis an sceideal i rith na bliana. Chomh maith leis sin, d'éirigh leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil roinnt ábhar suntasach a bhain le léasacht, trochlú agus réadmhaoin a chur i gcrích ina phunann eastáit, agus leanadh ar aghaidh, ag an am céanna, le bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar chaidreamh le tiarnaí talún, oibleagáidí léasa agus rioscaí cóiríochta. Éacht suntasach i rith na bliana ba ea athlonnú Ionad Dlí Phort Láirge go dtí cóiríocht shealadach ag Plás Odhráin, rud a chinntigh leanúnachas seirbhísí do chliaint i ndiaidh na tine a tharla i gCearnóg an Iarnróid. San áireamh sa tionscadal casta seo bhí áitreabh nua a fháil, athlonnú oibríochtaí a chomhordú agus oifig a bhunú a bhí oiriúnach d'úsáid phoiblí laistigh de thréimhse ama theoranta. Chomh maith leis sin, leanadh ar aghaidh le hobair phleanála agus ullmhúcháin ar roinnt tionscadal cóiríochta a mbeifear ag díriú orthu amach anseo, lena n-áirítear oibreacha atá beartaithe a chur i gcrích in An Cabhán agus Trá Lí, agus leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht le tiarnaí talún, comhairleoirí gairmiúla, bainisteoirí tionscadail agus thacaigh foirne bainistíochta áitiúla le forbairt eastáit do bhaill foirne agus d'úsáideoirí seirbhíse, a bhí sábháilte, comhlíontach agus oiriúnach dá fheidhm.

1 Cáilíocht Seirbhíse (ar lean)

Tag	Cuspóir straitéiseach	Stádas ag deireadh 2025	Dul chun cinn ag deireadh 2025
1.b	Bunaíodh córas dearbhaithe cáilíochta chun cabhrú le pleananna feabhais a ullmhú agus chun dea-chleachtas a aithint.	Idir lámha	Leanadh ar aghaidh leis an Lámhleabhar agus Ciorclán maidir le Nósanna Imeachta Riaracháin a nuashonrú i rith na bliana. Chomh maith leis sin, leanadh ar aghaidh ag obair ar an gCreat Dearbhaithe Cáilíochta do Sheachadadh Seirbhíse, cuireadh suirbhéanna i gcrích agus tiomsaíodh na torthaí. Táthar ag súil go mbeidh an tAthbhreithniú Dearbhaithe Cáilíochta curtha i gcrích ag deireadh Ráithe 2 2026.
1.c	Aiseolas ó chliaint a spreagadh chun sonraí a bhailiú chun ár gcleachtas a fheabhsú.	Idir lámha	Forbraíodh suirbhé feabhsaithe chun aiseolas a bhailiú ó chliaint agus scaipeadh ar chliaint é chun aiseolas maidir le cáilíocht seirbhíse a bhailiú. Tá measúnú agus athbhreithniú á ndéanamh ar an gCreat Dearbhaithe Cáilíochta in Oibríochtaí Sibhialta, agus táthar ag súil go mbeidh tuairisciú á dhéanamh i Ráithe 2 2026.
1.d	Samhail acmhainní-leithdháilte a bhunú chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí á bpleanáil agus á seachadadh de réir riachtanais, seachas bunaithe díreach ar éileamh.	Idir lámha	Glactar leis an tsamhail leithdháilte acmhainní mar chuid den phleanáil feidhmithe a eascraíonn as an athbhreithniú eagraíochta.
1.e	Monatóireacht a dhéanamh ar amanna feithimh agus caighdeáin seirbhíse íosta a bhunú i gcomhthéacs acmhainní, folúntas agus imthosca áitiúla.	Oibríochtaí	Leanadh ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar amanna feithimh ar bhonn comhsheasmhach agus rialta, agus baineadh tairbhe as bearta maolaithe nuair ba ghá.

2 Ag Freastal ar an bPobal

Tag	Cuspóir straitéiseach	Stádas ag deireadh 2025	Dul chun cinn ag deireadh 2025
2.a	Foghlaim ó thionscadal na Seirbhíse Tacaíochta Dlíthiúla do Mhincéir/ Daoine den Lucht Siúil agus scrúdú a dhéanamh ar thionscadail chosúla sa chás go n-aithnítear bearna in úsáid seirbhíse.	Idir lámha	Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an tSeirbhís Tacaíochta Dlíthiúla do Mhincéir/Daoine den Lucht Siúil.
2.b	Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta na heagraíochta a fhaomhadh agus a chur chun feidhme.	Idir lámha	Tá tús áite le tabhairt don Bheartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta in 2026.
2.c	Chun cur lenár gcomhpháirtíochtaí oibre leis an Roinn Dlí agus Cirt, an tSeirbhís Cúirteanna agus comhlachtaí reachtúla gaolmhara eile cosúil leis an nGníomhaireacht Nua um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe.	Oibríochtaí	Tá an cuspóir comhlíonta agus leabaithe mar oibríocht. Gné leanúnach d'obair an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a bheidh i rannpháirtíocht agus comhoibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt, an tSeirbhís Cúirteanna agus comhlachtaí reachtúla gaolmhara.
2.d	Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chomhairliúchán agus ar obair chomhpháirteach ENRanna	Oibríochtaí	Tá an cuspóir comhlíonta agus leabaithe mar oibríocht. Leanadh ar aghaidh leis an rannpháirtíocht le ENRanna, lena n-áirítear a Painéal Comhairleach Seachtrach agus rannpháirtíochtaí eile le páirtithe leasmhara, agus is gné leanúnach d'obair an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a bheidh inti.
2.e	Seirbhísí a chur ar fáil a bheidh trámathreoraithe agus iarracht a dhéanamh deireadh a chur le hath-thrámú, agus a bheith airdeallach ar leochaileacht go leor dár gcliaint	Oibríochtaí	Tá an cuspóir comhlíonta agus leabaithe mar oibríocht. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hoiliúint maidir le cleachtas trámathreoraithe a thairiscint do bhaill foirne agus tá an próiseas a bhaineann leis na cúrsaí oiliúna seo a chur ar fáil bunaithe.

3 Idirghabháil agus Roghanna Malartacha seachas Réiteach Díospóidí Cúirtbhunaithe

Tag	Cuspóir straitéiseach	Stádas ag deireadh 2025	Dul chun cinn ag deireadh 2025
3.a	Infhaighteacht idirghabhála a chinntiú i ngach Ionad Dlí agus Idirghabhála áitiúil agus Teach Cúirte nuair a aontaítear a leithéid a dhéanamh	Oibríochtaí	Tá an cuspóir comhlíonta agus leabaithe mar oibríocht. Tá monatóireacht á déanamh ar amanna feithimh do sheirbhísí idirghabhála agus leanfar leis seo chun réimsí a aithint ina bhféadfadh gá a bheith le céimeanna maolaithe.
3.b	Cur le líon na ndaoine oilte, deimhnithe agus atá ar fáil chun obair a dhéanamh don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil go díreach nó trí phainéal cleachtóirí príobháideacha.	Críochnaithe i bpáirt	Cuireadh an cuspóir i gcrích i bpáirt. Leanadh ar aghaidh le forbairt ghairmiúil leanúnach d'idirghabhálaithe, agus rinneadh tuilleadh plé ar mhaoiniú do chúrsaí oiliúna le haghaidh idirghabhálaithe agus do phoist d'idirghabhálaithe faoi oiliúint in 2026.
3.c	Tacú, trí fheachtais náisiúnta agus áitiúla, le nádúr na hidirghabhála agus a héifeachtacht in imthosca sonracha.	Oibríochtaí	Tá an cuspóir comhlíonta agus leabaithe mar oibríocht. Leanfar ar aghaidh le gníomhaíocht feasachta poiblí a bhaineann le hidirghabháil, lena n-áirítear tuilleadh gníomhaíochta cumarsáide spriocdhírithe.
3.d	Tuilleadh saineolais a fhorbairt i ndáil le réiteach díospóidí malartach	Oibríochtaí	Tá an cuspóir comhlíonta agus leabaithe mar oibríocht. Cuireadh réiteach díospóidí malartach san áireamh i bpríomhimeacht an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil in 2025 agus cuirfear san áireamh é freisin in imeachtaí, comhdhálacha agus tionscnaimh foghlama ábhartha amach anseo.

4 Athchóiriú agus Atheagrú Dlí is Cirt

Tag	Cuspóir straitéiseach	Stádas ag deireadh 2025	Dul chun cinn ag deireadh 2025
4.a	Cur, ina ról mar cheanneagraíocht, le cur chun feidhme leanúnach Straitéis Cheartais Teaghlaigh 2020-2025 agus le forbairt straitéisí amach anseo, tacú le réitigh phraiticiúla do chóras ceartais teaghlaigh a thacaíonn le réitigh shimplí, luatha, chothroma, agus, más féidir, neamhsháraíochta;	Oibríochtaí	Tá an cuspóir seo comhlíonta. Cuireadh críoch le rannpháirtíocht an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil mar cheanneagraíocht i gcur chun feidhme na Straitéise Ceartais Teaghlaigh, agus táthar ag leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme gníomhartha ábhartha laistigh de théarmaí tagartha an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil mar obair oibriúcháin.
4.b	Tionchar a imirt air agus ullmhú do thoradh an athbhreithnithe ar Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta.	Oibríochtaí	Cuireadh an t-athbhreithniú ar chúnamh dlíthiúil sibhialta i gcrích agus foilsíodh na tuarascálacha. Chuir an Bord um Chúnamh Dlíthiúil a fhreagraí ar na moltaí ar fáil. Beidh tuilleadh obair a dhéanfar dírithe ar chur chun feidhme aon mholtaí a nglacann an tAire leo a bhaineann le téarmaí tagartha an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.
4.c	Obair ullmhúcháin a dhéanamh chun freagracht iomlán a ghlacadh as riar an chúnaimh dhlíthiúil choiriúil.	Idir lámha	Cuireadh tús le gníomhaíocht athchóirithe inmheánach agus leis an obair ullmhúcháin do fhreagrachtaí breise na scéime um chúnamh dlíthiúil coiriúil. Leanadh ar aghaidh leis an rannpháirtíocht le comhlachtaí ceartais, clúdaíodh rochtain ar an mbunachar sonraí, sceidil táillí agus garspriocanna aistrithe, agus rannpháirtíocht TF i ndáil le ceanglais an chórais.
4.d	Iarracht a dhéanamh comhpháirtíochtaí láidre a bhunú le gníomhaireachtaí Rialtais eile chun a chinntiú go bhfuil tairbhe á baint as cur chuige iomlánaíoch maidir le réimsí nua cosúil le cinnteoireacht chúnta.	Oibríochtaí	Tá an cuspóir comhlíonta agus leabaithe mar oibríocht. Leanfar ar aghaidh le comhoibriú le gníomhaireachtaí Rialtais eile, lena n-áirítear i ndáil le cinnteoireacht chúnta agus réimsí beartais gaolmhara.
4.e	Raon beartas a fhorbairt chun a chinntiú go ndéantar breithniú iomlán ar thuairimí agus ár ábhair spéise leanaí, sa chás go bhfuil tionchar ag an obair orthu agus go bhfuil a leithéid oiriúnach.	Tá an chuid is mó den obair críochnaithe	Tá an cuspóir comhlíonta ach amháin go bhfuil críoch le cur le Beartas Ghuth an Linbh an Ionaid Dlí. Leanfar ar aghaidh ag díriú ar shocruithe oibríochtaí na n-ionad dlí i ndáil le Beartas Ghuth an Linbh.

5 Cultúr, Daoine agus Cumarsáid

Tag	Cuspóir straitéiseach	Stádas ag deireadh 2025	Dul chun cinn ag deireadh 2025
5.a	Tacú le cultúr a léiríonn meas ar obair na mball foirne ar fad, a sholáthraíonn agus a thacaíonn le freagracht, agus a thugann aitheantas do agus a choinníonn baill foirne chumasacha agus ardcháilithe.	Críochnaithe i bpáirt	Cuireadh tosaíocht 2025 i gcrích i bpáirt. Cuireadh tuarascáil Shuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse i gcrích ionas go raibh sí réidh le breithniú ag an POF agus ag an mBord, agus tá sé beartaithe go mbeidh sí mar bhonn leis an Straitéis Foirne in 2026.
5.b	Freagairt d'athbhreithniú eagraíochta agus struchtúrtha.	Críochnaithe i bpáirt	Cuireadh tosaíocht 2025 i gcrích i bpáirt. Beifear ag leanúint ar aghaidh le Céim 2 den phlean feidhmithe athbhreithnithe eagraíochta in 2026, agus beidh cur chun feidhme ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar leithdháileadh buiséid.
5.c	Iarracht a dhéanamh cothromaíocht a chinntiú idir seachadadh áitiúil agus córais tacaíochta den chéad scoth chun tacú le cáilíocht bunaithe ar bheartas fónta agus ar dháileadh cothrom acmhainní.	Críochnaithe i bpáirt	Cuireadh tosaíocht 2025 i gcrích i bpáirt. Leanadh ar aghaidh leis an rannpháirtíocht le hAturnaetha Bainistíochta, le socruithe rianaithe iniúchta agus leis an obair a bhain le samhail leithdháilte acmhainní mar chuid den obair a bhain le cur chun feidhme an athbhreithnithe eagraíochta.
5.d	Claochlú digiteach cuimsitheach a chur chun feidhme	Críochnaithe i bpáirt agus ag leanúint ar aghaidh	Cuireadh an cuspóir straitéiseach i gcrích i bpáirt agus táthar fós ag leanúint ar aghaidh leis an obair. Cuireadh imlonnú tosaigh na deisce digití nua-aimseartha i gcrích i gcomhair 108 úsáideoir ar fud suíomhanna agus aonad gnó roghnaithe. Leanadh ar aghaidh le himlonnú Microsoft 365, feabhsuithe bainistíochta gléis, néal-athshlánú, barrfheabhsú cásbhainistíochta agus bunú na foirne Réiteach Digiteach i rith 2025.
5.e	An suíomh gréasáin a fhorbairt ar mhaithe le cliaint a bhfuil cúnamh idirghníomhach á lorg acu, chun cur ar chumas cliant an tseirbhís agus an chomhairle cheart a fháil.	Críochnaithe agus oibríochtúil	Tá an cuspóir straitéiseach comhlíonta. Seoladh suíomh gréasáin athnuaite in 2025. Leanfar ar aghaidh le hobair chun leagan amach, ábhar agus inúsáidteacht a fheabhsú mar chuid de ghnáthbhainistíocht oibriúcháin.

5 Cultúr, Daoine agus Cumarsáid (ar lean)

Tag	Cuspóir straitéiseach	Stádas ag deireadh 2025	Dul chun cinn ag deireadh 2025
5.f	Cumarsáid éifeachtach agus ionchuimsitheach a chinntiú trí úsáid a bhaint as raon leathan meán agus in éineacht leis na baill foirne ar fad, an fhoireann bainistíochta agus na baill bhoird neamhfheidhmiúcháin.	Críochnaithe i bpáirt agus ag leanúint ar aghaidh	Cuireadh an cuspóir straitéiseach i gcrích i bpáirt agus táthar fós ag leanúint ar aghaidh leis an obair. Cuireadh an t-athbhreithniú ar an nuachtlitir foirne i gcrích, agus beidh na torthaí in úsáid i bhfoilseacháin amach anseo, agus eisíodh tuilleadh nuachtlitreacha i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag 2025.
5.g	Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta na heagraíochta a fhaomhadh agus a chur chun feidhme.	Críochnaithe i bpáirt	Cuireadh tosaíocht 2025 i gcrích i bpáirt. Tá sé beartaithe an Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a chur i gcrích in 2026.
5.h	Margaíocht a dhéanamh ar na deiseanna agus buntáistí a bhaineann le bheith ag obair don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil.	Críochnaithe i bpáirt	Cuireadh tosaíocht 2025 i gcrích i bpáirt. Cuireadh tús leis an obair ar Dhréachtstraitéis Foirne, agus tá sé beartaithe an obair a chur i gcrích in 2026, agus leanadh ar aghaidh le gníomhaíocht phoiblíochta a bhain le hearcaíocht.
5.i	Déileáil leis an dúshlán a bhaineann le cleachtóirí agus abhcóide príobháideach a mhealladh atá lántiomanta don obair atá á déanamh ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, agus tacaíocht agus luach saothair oiriúnach a lorg dóibh, de bhrí gurb ionann coinneáil agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí agus gné dár láidreacht, beocht agus inmharthanacht.	Oibríochtaí	Tá an cuspóir comhlíonta agus leabaithe mar oibríocht. Cuireadh téarmaí agus coinníollacha leasaithe do Scéim Cleachtóirí Príobháideacha na Cúirte Dúiche agus chun abhcóidí a choinneáil faoi bhráid na Roinne Dlí is Cirt. Leanfaidh An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar aghaidh le tuilleadh scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun aturnaetha agus abhcóidí a mhealladh chun obair a dhéanamh don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil.

Aguisín B: Táblaí agus Cairteacha

Tábla 6 - Cásanna Láimhseáilte in Ionaid Dlí 2020-2025

Bliain*	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Iomlán	16,236	16,400	16,477	16,526	17,646	16,663

*Tá cásanna cosanta idirnáisiúnta san áireamh sna sonraí le haghaidh na mblianta ar fad

Cairt 3 - Cásanna Láimhseáilte in Ionaid Dlí 2020-2025



Cairt 4 - Cásanna bunaithe ar Ábhar 2025



Tábla 7 - Cásanna Nua in Ionaid Dlí

Bliain	2020*	2021	2022	2023	2024	2025
Cásanna Nua	5,261	5,025	5,289	6,118	6,996	5,594

*Lena n-áirítear cásanna cosanta idirnáisiúnta

Tábla 8 - Cásanna Láimhseáilte in 2025, Bliain an Iarratais

Bliain	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Líon	1,706	2,279	3,780	5,199	5,954	4,523

Tábla 9 - Líon na gCásanna Dúnta 2020-2025

Bliain	2020*	2021*	2022*	2023*	2024*	2025*
Cásanna Dúnta	4,841	4,903	5,561	5,360	5,444	5,553

*Lena n-áirítear cásanna cosanta idirnáisiúnta

Tábla 10 - Cásanna Críochnaithe in 2025, Fad Ama Oscailte

An Cineál Cáis	<1 Bhliain	1-2 Bhliain	2-3 Bliana	3+ Bliana	Iomlán
Cosaint Idirnáisiúnta	379	389	209	52	**1029**
Cúram leanaí	188	97	71	145	**501**
Colscaradh/scaradh/neamhniú	332	404	299	838	**1873**
Dlí neamhtheaghlaigh	548	215	47	80	**890**
Dlí teaghlaigh eile	788	269	93	110	**1260**
Iomlán	**2,235**	**1,374**	**719**	**1,225**	**5,553**

Cairt 5 - Cásanna Dlí Sibhialta agus Teaghlaigh Gníomhach ag an 31 Nollaig 2025



Tábla 11 - Líon na nDaoine ag Feitheamh ag an 31 Nollaig 2025

Bliain	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Líon ag Feitheamh	2,019	1,588	1,279	950	1,269	1,269	1,643

Tábla 12 - Amanna Feitheamh don Chéad Chomhairliúcháin in Ionaid Dlí ag an 31 Nollaig 2025

	Ag Feitheamh don Chéad Chomhairliúchán	
Ionad Dlí	**Am feithimh uasta (seachtainí)**	**Líon ag Feitheamh**
Baile Átha Luain	12	28
Baile Munna	56	101
Baile Bhlainséir	5	3
Caisleán an Bharraigh	36	109
An Cabhán	32	42
Cluain Dolcáin	28	33
Cé Pope, Corcaigh	21	72
An Meal Theas, Corcaigh	13	57
Dún Dealgan	16	21
Inis	46	61
Sráid San Proinsias, Gaillimh	27	46
Barr an Chalaidh, Gaillimh*	12	17
Sráid Jervis*	45	119
Cill Chainnigh*	8	21
Leitir Ceanainn*	24	53
Luimneach	43	130
An Longfort	23	45
An tSeirbhís Tacaíochta Dlíthiúla do Mhincéir/Daoine den Lucht Siúil.	49	24
Muineachán	15	18
An Uaimh	36	95
An tAonach	19	53
Droichead Nua	28	27
Port Laoise*	25	35
Sligeach	64	120
Margadh na Feirme	22	76
Tamhlacht	37	79
Trá Lí	29	59
Tulach Mhór	15	11
Port Láirge	46	71
Loch Garman	40	61
Cill Mhantáin	12	22

*Lena n-áirítear cásanna cosanta idirnáisiúnta

Tábla 13 - Miondealú de réir an Chineáil Cásanna a Fhaigheann Seirbhís Tosaíochta

An Cineál Cáis	Iomlán
Cúram leanaí	583
Fuadach leanaí	47
Dlí Teaghlaigh, Foréigean Baile san áireamh	2,962
Cosaint Idirnáisiúnta	1,116
Seirbhísí Dlí d'íospartaigh choireachta	876
Cinnteoireacht Chúnta	404

Tábla 14 - Iarratais ar Chosaint Idirnáisiúnta

Bliain	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Iarratais BCD	1,174	1,464	6,858	9,918	11,689	8,631
OCI*	1,566	2,649	13,651	13,277	18,561	13,162

*Iarratais na hOifige um Chosaint Idirnáisiúnta tógtha ón suíomh gréasáin

Cairt 6 - Torthaí Cásanna um Chosaint Idirnáisiúnta 2025



Cairt 7 - Clárú na Tíre Tionscnaimh 2025



Cairt 8 - Clárú na Tíre Tionscnaimh 2025



Cairt 9 - Cásanna um Gháinneáil ar Dhaoine Atreoraithe chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil i Rith 2025



An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh i bhFigiúirí

Tábla 15 - Cásanna Nua 2021-2025

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Gach Saincheist (lánúineacha)	1,186	1,148	1,199	1985	1,694
Cúirtbhunaithe	326	355	314	309	439
Cásanna Líne Cabhrach Teileafóin	-	-	-	-	-
Iomlán	**1,512**	**1,503**	**1,513**	**2,294**	**2,133**

Tábla 16 - Comhaontuithe Iomlána 2025

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Gach Saincheist (lánúineacha)	819	726	707	844	735
Cúirtbhunaithe	187	291	221	201	273
Cásanna Líne Cabhrach Teileafóin	-	-	-	-	-
Iomlán	**1,006**	**1,017**	**928**	**1045**	**1,008**

Tábla 17 - Seisiúin Idirghabhála agus Seisiúin Faisnéise Chomhpháirteacha Iomlána 2020-2024

	Seisiúin	Gach Saincheist (Lánúineacha)	Cúirtbhunaithe	Cásanna Líne Cabhrach Teileafóin	Iomlán
2020	Comhpháirteach	7,563	1,886	1,906	11,355
	Faisnéis	438	780**	733	1,951
2021	Comhpháirteach	5,716	1,233	-	6,949
	Réamhidirghabháil	1,340	971**	-	2,311
2022	Comhpháirteach	5,201	910**	-	6,111
	Réamhidirghabháil	2,494	992**	-	3,486
2023	Comhpháirteach	5,286	693	-	5,979
	Réamhidirghabháil	2,459	1,038	-	3,497
2024	Comhpháirteach	5,695	1,216	-	6,911
	Réamhidirghabháil	2,892	1,023	-	3,915
2025	Comhpháirteach	5,394	1,124	-	6,518
	Réamhidirghabháil	2,857	985	-	3,842

**Cásanna cúirte breise curtha i gcrích in oifigí Lánaimseartha

Tábla 18 – Cásanna dúnta 2020-2025

Bliain	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Cásanna Iomlána Dúnta (Seisiúin Faisnéise san áireamh)	2,687	3,867	3,196	2,911	3,262	2,738
Cásanna nár bhain tairbhe as Idirghabháil	695	665	796	776	873	407
Líon Iomlán Cásanna Idirghabhála Dúnta (seachas cásanna oscailte ach nach ndeachaigh níos faide ná Seisiúin Faisnéise/Seisiúin Réamhidirghabhála)	1,992	3,202	2,400	2,135	2,389	2,331

Tábla 19 - Éileamh/Soláthar Seirbhíse

Oifig	Cásanna Nua 2025	Líon Iomlán Seisiún Idirghabhála	Comhaontú déanta
Baile Átha Luain	2025	344	78
Baile Munna	243	487	69
Ceatharlach	32	198	22
Caisleán an Bharraigh	61	239	47
Corcaigh	162	701	109
Teach an Charnáin	335	659	211
Dún Dealgan	87	152	12
Inis	48	168	31
Gaillimh	96	271	40
Sráid Jervis	193	747	92
Cill Chainnigh	54	207	22
Leitir Ceanainn	40	208	21
Luimneach*	132	571	67
Port Laoise	53	60	7
Sligeach	47	3	1
Tamhlacht	213	702	89
Trá Lí	40	305	52
Port Láirge	87	405	30
Loch Garman	67	91	8
Iomlán	**2133**	**6518**	**1008**

*Tá An tAonach san áireamh

Tábla 20 - Atreoruithe chuig an Ionad Dlí Idirghabhála Teaghlaigh 2025

Ionad	An Chéad Seisiún Réamhidirghabhála	An Dara Seisiún Réamhidirghabhála	Líon Iomlán Seisiún Idirghabhála	Comhaontú déanta
Baile Átha Luain	15	15	34	11
Baile Munna	0	0	1	1
Ceatharlach	0	0	0	0
Caisleán an Bharraigh	19	19	59	14
Corcaigh	11	10	34	4
Teach an Charnáin	0	0	11	2
Dún Dealgan	7	7	8	1
Inis	5	5	10	3
Gaillimh	0	1	1	0
Sráid Jervis	5	5	17	1
Cill Chainnigh	8	8	29	2
Leitir Ceanainn	7	6	26	5
Luimneach	4	3	10	1
An tAonach	3	3	8	1
Port Laoise	1	1	5	0
Sligeach	0	0	0	0
Tamhlacht	2	2	6	1
Trá Lí	16	12	40	8
Port Láirge	0	0	0	0
Loch Garman	2	1	6	0
Iomlán	**105**	**98**	**305**	**55**

Tábla 21 - Tionscnaimh Idirghabhála Chúirtbhunaithe 2025

Oifig	Cásanna Nua (An Chéad Seisiún Idirghabhála Comhpháirteach)	An Líon Iomlán Seisiún	Comhaontuithe
Baile Átha Luain	0	0	0
Baile Munna	4	14	2
Ceatharlach	19	51	10
Caisleán an Bharraigh	0	0	0
Corcaigh	29	61	23
Teach an Charnáin	240	450	208
Dún Dealgan	2	11	0
Inis	7	14	7
Gaillimh	0	0	0
Sráid Jervis	3	14	3
Cill Chainnigh	1	3	1
Leitir Ceanainn	0	0	0
Luimneach	18	48	13
An tAonach	2	4	2
Port Laoise	5	16	2
Sligeach	0	0	0
Tamhlacht	2	4	1
Trá Lí	4	12	0
Port Láirge	1	7	1
Loch Garman	0	0	0
Iomlán	**337**	**709**	**273**

Tábla 22 - Amanna Feithimh na hOifige Idirghabhála Teaghlaigh 2020-2025

Oifig	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Baile Átha Luain	49	8	32	13	10	11
Baile Munna	24	12	24	17	9	15
Ceatharlach	8	15	14	24	10	15
Caisleán an Bharraigh	Folamh	26	Folamh	16	14	6
Corcaigh	24	14	7	13	9	4
Teach an Charnáin	-	-	-	-	5	15
Dún Dealgan	32	24	11	26	13	13
Inis	-	-	-	-	13	13
Gaillimh	16	12	10	18	12	16
Sráid Jervis	24	24	16	15	6	5
Cill Chainnigh	8	15	14	20	10	30
Leitir Ceanainn	20	6	8	14	11	2
Luimneach	12	15	5	15	7	12
An tAonach	-	-	-	-	11	12
Port Laoise	28	10	20	7	14	12
Sligeach	15	10	12	31	16	9
Tamhlacht	36	15	22	20	13	8
Trá Lí	24	10	2	13	4	3
Port Láirge	16	4	7	15	13	22
Loch Garman	28	13	10	16	15	47

Tábla 23 - Líon na nAighneachtaí um Chúnamh Dlíthiúil Bronnta agus Diúltaithe 2025

	Ceadaithe	Diúltaithe
Deimhniú um Chúnamh Dlíthiúil sa Dlí Teaghlaigh	10,701	32
Deimhniú um Chúnamh Dlíthiúil sa Chosaint Idirnáisiúnta	11,948	0
Athbhreithniú ar an Deimhniú um Chúnamh Dlíthiúil sa SDP	359	2
Deimhniú um Chúnamh Dlíthiúil sa Dlí Neamhtheaghlaigh	1,142	102
Leasuithe ar gach cineál deimhnithe	7,867	14
Údaruithe - gach cineál cáis	526	10
Tarscaoileadh nó laghdú Ranníocaíochta	9,621	47
Tarscaoileadh Costas	168	23
Foirceannadh & Cúlghairm an Deimhnithe um Chúnamh Dlíthiúil	148	3
Comhaontú Tráthchoda	275	0
Deimhnithe an Choiste Cróinéara	14	0

Tábla 24 - Scéim Leasaithe um Chomhairle Dlí Stáisiún an Gharda Síochána - Caiteachas Bliantúil éileamh próiseáilte

Bliain	Líon na n-éileamh údaraithe le híoc	An Líon Iomlán Seisiún
2021	4,177	€1,888,000
2022	3,266	€1,435,000
2023	3,148	€1,439,569
2024	2,746	€1,315,288
2025	1,857	€679,621

Tábla 25 - Cúnamh Dlíthiúil – Scéim na gCeisteanna Coimeádta - Caiteachas Bliantúil éileamh próiseáilte

	2021	2022*	2023*	2024*	2025*
Caiteachas	€2.43m	€1.98m	€3.05m	€2.55m	€1.63m

(*Seachas CBL)

Tábla 26 - Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Ad-hoc an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Rinneadh ceithre íocaíocht údaraithe in 2025 lenar bhain costas €31,927.08.

	2021	2022	2023	2024	2025
Caiteachas	€331,938	€40,846	€57,946	€82,287	€31,927

Nótaí

An Bord Um
Chúnamh Dlíthiúil
Legal Aid Board

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025